An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2008/2009

# CLÁR

THE TEACHING COUNCIL
**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008/09**


Brollach ....................................................................................................4

Tuairisc an Stiúrthóra ....................................................................................5

1 Cur chun cinn na múinteoireachta mar ghairm ..........................................7

2 Caighdeáin agus cumais múinteoireachta mar aon le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Stát a chothabháil agus a fhorbairt ..........................................9

3 Rialú gairm na múinteoireachta ..........................................................12

4 Eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú le hobair na Comhairle ..........................................17

5 Aguisíní

Aguisín 1 Baill na Comhairle ..........................................................25

Aguisín 2 Coistí, Grúpaí Oibre agus Painéil na Comhairle ..............................27

Aguisín 3 Struchtúr Bainistíochta na Comhairle ..........................................32

Aguisín 4 Ráitis Airgeadais Iniúchta ..........................................................33

# Brollach

**Pat McQuaile** Cathaoirleach



A Aire, a chara,

Tugann an tuarascáil bhliantúil seo súil siar ar obair na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar críoch 27 Márta 2009, an bhliain dheireanach i dtéarma oifige na Comhairle Múinteoireachta tionscnaimh. Rinne mo réamhtheachtaí, Joan Ward, cathaoirleacht ar an gComhairle don bhliain tuairiscithe go léir agus tá ardmholadh tuillte aici féin, agus ag a comhghleacaithe a d'fheidhmigh ar an gcéad Chomhairle, i ngeall ar na mór-éachtaí a baineadh amach le linn na bliana chun na fothaí a leagan síos don dara Comhairle. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Joan agus lena comhbhaill ar an gComhairle dá dtiomantas don Chomhairle Mhúinteoireachta agus dá bhfuil bainte amach acu don mhúinteoireacht in Éirinn, agus mórbhuntáiste dá réir cruthaithe acu dár ndaoine óga.

Bhí foilseachán *Fás agus Forbairt*, an chéad phlean straitéiseach ag an gComhairle, mar cheann de mhór-éachtaí na Comhairle. Sonraíonn sé fís agus misean na Comhairle agus leagann sé amach spriocanna dúshlánacha uaillmhianacha. Tugann an tuarascáil bhliantúil seo cur síos ar mhórghníomhartha na Comhairle le linn na bliana lena mbaineann an tuairisciú de réir na gceithre phríomhchuspóir a aithnítear sa phlean straitéiseach. I dTuairisc an Stiúrthóra, tugann Áine Lawlor suntas ar na mór-éachtaí, agus is mian liom urraim a thabhairt di agus dá foireann i ngeall ar a ról rí-thábhachtach in obair na Comhairle a chur chun cinn.

D'fháiltigh an Chomhairle roimh phleananna an Aire tús feidhme a thabhairt d'Alt 30 agus do Chuid 5 an Achta go luath, mar a thug sé le fios nuair a cheap sé an dara Comhairle i mí Márta 2009 agus táthar ag fanacht le deimhniú ar an dáta feidhmiúcháin do na codanna seo.


Tá sé práinneach tús feidhme a thabhairt d'Alt 30 an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Tá an chuid seo, a bhaineann leis an riachtanas clárúcháin, mar bhunchloch ag an Acht. Tá a tús feidhme an-tábhachtach i gcomhthéacs ról na Comhairle maidir le caighdeáin ghairmiúla a chothabháil sa mhúinteoireacht.

Agus mé ag breathnú romham ar dhúshláin na Comhairle, beidh a ról i leith oiriúnachta don chleachtas ag múinteoirí cláraithe mar cheann dá príomhfheidhmeanna. Níl tús feidhme curtha ag an Aire go fóill le Cuid 5 an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, a chumhachtóidh an Chomhairle chun plé lena leithéid de ghnóthaí.

Ní féidir liom críoch a chur leis an mBrollach seo gan tagairt a dhéanamh do chomhthéacs na múinteoireachta in Éirinn faoi láthair agus, go háirithe, do na deacrachtaí eacnamaíochta atá mar dhúshláin ag an tír. Bíonn dlúthspéis ag an gComhairle sa tslí ina ndéantar polasaí rialtais i leith an oideachais a chur i bhfeidhm, sa mhéid is go bhféadfadh tionchar a bheith aige ar na réimsí sin atá faoina cúram. Maidir leis an ról tábhachtach a bhíonn ag gairm na múinteoireachta sa sochaí, déanaim tathaint, thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, don tacaíocht do chaighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht trí leanúint leis an infheistiú san oideachas agus trí mhéadú a dhéanamh air nuair is féidir.

Is mian liom tréaslú le baill na Comhairle agus leis na páirtnéirí oideachais a bhfuil ionadaíocht acu ar an gComhairle: múinteoirí; na ceardchumainn; coláistí agus ollscoileanna; comhlachtaí bainistíochta scoile; eagraíochtaí tuismitheoirí; agus ainmnithe an Aire don leibhéal ard tacaíochta atá tugtha acu don Chomhairle i gcaitheamh na bliana. Tá iontaoibh léirithe ag na páirtithe leasmhara as an gComhairle an mhandáid reachtúil thábhachtach atá tugtha dóibh a chomhlíonadh agus táim muiníneach, ón obair atá déanta go dtí seo, go bhfuil sé cruthaithe ag an gComhairle gur maith ann an léiriú muiníne seo.

Thar ceann mo chomhbhall ar an gComhairle, molaim an tuairisc seo duit.



**Patrick McQuaile**
***Cathaoirleach***

# Tuairisc an Stiúrthóra

**Áine Lawlor** Stiúrthóir



Sa réamhrá seo tá fáil ar fhorbhreathnú gearr ar obair na Comhairle le linn na bliana tuairiscithe (28 Márta 2008 go 27 Márta 2009).

## Clárúchán

Deimhníonn riachtanais chlárúcháin na Comhairle go leantar leis na hardchaighdeáin iontrála chun na gairme. I rith na bliana rinneadh beachtú breise ar na dréacht-Rialacha Clárúcháin agus bhí siad sínithe ag an t-Aire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe, TD níos déanaí.

Ba é an líon iomlán múinteoirí a bhí cláraithe ag deireadh na bliana tuairiscithe ná 66,509 agus orthu seo tá 9,031 a cláraíodh sa bhliain thuairiscithe.

Rinneadh beachtú breise ar phróiseas sruthlíneach iarratais na gcéimithe do gach iarratasóir clárúcháin agus rinneadh roinnt comhéadan ar líne a fhorbairt don Chlár. Cuireadh áis íocaíochta ar líne ar fáil freisin do mhúinteoirí a bhí ag athnuachan a gclárúchán.

## Oideachas Múinteoirí

I gcaitheamh na bliana leanadh leis an obair ar an bhforbairt ar pholasaí na Comhairle i leith chontanam an oideachais do mhúinteoirí ón oideachas tosaigh do mhúinteoirí go dtí an t-ionduchtú, agus uaidh sin go dtí an fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar dhréachtstraitéis na Comhairle a fhorbairt don athbhreithniú agus don chreidiúnú gairmiúil ar chláir oideachais tosaigh do mhúinteoirí. Mar chuid de phróiseas comhairleach forleathan, tionóladh 11 cruinnithe comhairleacha le páirtnéirí an oideachais i mí Dheireadh Fómhair 2008.

## Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí

I mí Eanáir 2009, thosaigh an Chomhairle ar an athbhreithniú ar na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí, a foilsíodh den chéad uair i 2007.

## Taighde

Mar chuid dá dara scéim sparántachtaí taighde, bhronn an Chomhairle 34 sparántachtaí taighde le ciste beagnach €100,000 i mí Mheán Fómhair 2008 agus fógraíodh an tríú scéim le spriocdháta dúnta i mí na Nollag 2008.

## Forbairt na Múinteoireachta mar Ghairm

Ar mhaithe le cur chun cinn na múinteoireachta mar ghairm, bhí ionadaíoct ag an gChomhairle ar roinnt taispeántas gairme. Mar aon leis sin éilíodh tairiscintí don dearadh ar www.teach.ie, láithreán gréasáin nua a bhfuil sé mar aidhm aige an mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn, dearcadh dearfach a chothú ina leith agus daoine a chur ar an eolas faoi na bealaí iontrála. Tugadh cuireadh do mhúinteoirí páirt a ghlacadh i bhfócasghrúpaí chun an t-ábhar don láithreán a fhorbairt agus tionóladh an chéad chruinniú fócasghrúpa i mí Eanáir 2009.

## Oiriúnacht don Teagasc

Lean Coistí Imscrúdaithe agus Araíonachta na Comhairle ag ullmhú do thús fheidhme na Comhairle maidir le hoiriúnacht don teagasc. Rinneadh Nósanna Imeachta do na Painéil Araíonachta a dhréachtadh agus iad a chur ar aghaidh chuig an Aire Oideachais agus Eolaíochta dá thoiliú.

## Ceapachán an Dara Comhairle

Tháinig deireadh le téarma oifige na chéad Chomhairle Mhúinteoireachta ar 27 Márta 2009 agus roimhe sin, rinneadh toghcháin náisiúnta a reáchtáil chun 16 múinteoirí a thoghadh don Chomhairle nua. D'ainmnigh ceardchumainn na múinteoirí seisear múinteoir eile agus d'ainmnigh an tAire, eagraíochtaí bainistíochtaí scoile, coláistí agus ollscoileanna, agus cumainn thuismitheoirí 15 eile.

## Cumarsáid

Tionóladh sraith cruinnithe réigiúnacha do mhúinteoirí i gcúig Ionad Oideachais i mí an Mheithimh 2008 agus foilsíodh dhá eagrán de nuachtlitir na Comhairle, *Oide*. Cuireadh i bhfeidhm sraith gníomhaíochtaí cumarsáide mar chomhtharlú le toghcháin na Comhairle Múinteoireachta agus leis an tréimhse athnuachana clárúcháin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do Joan Ward, Cathaoirleach, agus do bhaill uile na Comhairle as a dtiomantas, a bpáirtíocht agus a gcomhoibriú le hobair na Comhairle le linn na bliana. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin don fhoireann in oifig na Comhairle i ngeall ar an díograis, an ghairmiúlacht agus an dúthracht atá léirithe acu i gcaitheamh na bliana.

I rith na bliana thapaigh mé gach deis bualadh le múinteoirí, cur i láthair a thabhairt dóibh ar obair na Comhairle, agus éisteacht le haischothú uathu. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leo as an teagmháil a bhíonn acu leis an gComhairle agus is é mo ghuí, sna míonna agus sna blianta atá romhainn, go méadóidh tuiscint mhúinteoirí de réir a chéile ar a n-úinéireacht ar an gComhairle mar a gcomhlacht gairmiúil féin.



**Áine Lawlor**
***Príomhfheidhmeannach/Stiúrthóir***

# 1 Cur chun cinn na múinteoireachta mar ghairm

Is é ceann de phríomhfheidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta ná an mhúinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm. Déantar an mhúinteoireacht a chur chun tosaigh i ngach gné d'obair na Comhairle ach bhí roinnt gníomhaíochtaí sa bhliain thuairiscithe a bhí dírithe go sainiúil ar an sprioc seo a bhaint amach.

## 1.1 NA CÓID IOMPAIR GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

Éilítear ar an gComhairle go ndéanfaí na cóid iompair ghairmiúil do mhúinteoirí a bhunú, a fhoilsiú, a athbhreithniú agus a chothabháil. Foilsíodh na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí i 2007 agus baineann siad le gach múinteoir cláraithe laistigh den Chomhairle Mhúinteoireachta. Ba chóir go mbeadh na Cóid mar ábhar spéise d'aon duine atá ar thóir tuiscint níos doimhne ar ghairm na múinteoireachta in Éirinn faoi láthair. Déantar cur síos iontu ar na caighdeáin theagaisc, eolais, scile agus inniúlachta a bhíonn de dhíth ar mhúinteoirí cláraithe agus dearbhaítear iontu ionracas agus stádas na gairme. I gcaitheamh na bliana rinneadh bolscaireacht ar na Cóid ag a lán imeachtaí ar nós cruinnithe comhairliúcháin agus cruinnithe eolais i scoileanna, in Ionaid Oideachais, i gcoláistí agus in ollscoileanna.



## 1.2 CRUINNITHE EOLAIS DO MHÚINTEOIRÍ

Tar éis don Chomhairle sraith cruinnithe réigiúnacha a reáchtáil do mhúinteoirí i 2006 agus 2007, tionóladh sraith eile cruinnithe sna contaetha nár clúdaíodh sna chéad sraitheanna. Chruthaigh na cruinnithe seo deis don phlé ar obair na Comhairle ar a áirítear bunú Chlár na Múinteoirí agus, go háirithe, na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí. Rinne Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta, Áine Lawlor, éascaíocht ar gach cruinniú agus ba ghné ag gach cruinniú é an t-ionchur ó príomhshaineolaí i réimse an oideachais a rinne stádas agus coimpléascacht na múinteoireachta mar ghairm a chur chun cinn. Féach figiúr 1 do sceideal na gcruinnithe a tionóladh.



*Cruinniú Eolais do Mhúinteoirí, Trá Lí, 22 Bealtaine 2008*

## 1.3 TAISPEÁNTAIS

Chruthaigh taispeántais ghairme, dírithe orthu siúd a raibh rogha le déanamh acu maidir leis an ngairm a bhí rompu, deis luachmhar chun bolscaireacht a dhéanamh do mhúinteoirí féideartha ar an múinteoireacht mar ghairm. I rith na bliana, d'fhreastail an Chomhairle ar roinnt taispeántas gairme. Bíonn an Chomhairle freisin i dteagmháil go leanúnach le scoileanna, coláistí agus ollscoileanna faoin múinteoireacht mar ghairm.

*Fig. 1: Sceideal na gCruinnithe Eolais do Mhúinteoirí, 2008*

| Dáta | Ionad | Aoichainteoir |
|---|---|---|
| 12 Bealtaine | Ionad Oideachais na Carraige Duibhe | An tOllamh Sheelagh Drudy, Ollamh le hOideachas, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath |
| 13 Bealtaine | Ionad Oideachais Laoise | An tOllamh John Coolahan, Ollamh Emeritus, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Maigh Nuad |
| 14 Bealtaine | Ionad Oideachais Chora Droma Rúisc | An tOllamh Tom Collins, Ollamh le hOideachas, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Maigh Nuad |
| 15 Bealtaine | Ionad Oideachais Loch Garman | An tOllamh John Coolahan, Ollamh Emeritus, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Maigh Nuad |
| 22 Bealtaine | Ionad Oideachais Thrá Lí | An tOllamh Peadar Cremin, Uachtarán Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach |




*Cruinniú Eolais do Mhúinteoirí, Port Laoise, 13 Bealtaine 2008. C-D: Dermot Quish, Ball na Comhairle 2005-2009; Áine Lawlor, Stiúrthóir, An Chomhairle Mhúinteoireachta; Ollamh John Coolahan, Ollamh Emeritus, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Maigh Nuad; Tony Mahon, iar-Stuirtheoir Ionad Oideachais Laois*



*An tOllamh Tom Collins agus é ag labhairt ag Cruinniú Eolais do Mhúinteoirí, i gCora Droma Rúisc, 14 Bealtaine 2008*

## 1.4 LÁ DOMHANDA NA MÚINTEOIRÍ, 5 DEIREADH FÓMHAIR 2008

Thionscnaigh UNESCO Lá Domhanda na Múinteoirí i 1966 agus cuireann pobal an domhain 5 Deireadh Fómhair i leataobh gach bliain mar cheiliúradh ar mhúinteoirí agus ar an ról lárnach a bhíonn acu le naíonáin, páistí, ógánaigh agus aosaigh trí phróiseas fad saoil na foghlama. Mar chéiliúradh ar Lá Domhanda na Múinteoirí 2008, bhronn an Chomhairle Mhúinteoireachta 34 sparántacht taighde le mórchiste 100,000 mar chuid dá dara scéim sparántachtaí taighde. Mar thoradh air seo foilsíodh breis agus 30 alt i nuachtáin réigiúnacha agus cuireadh an pobal ar an eolas faoin taighde úsáideach atá ar bun ag baill de ghairm na múinteoireachta i réimsí an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe.

## 1.5 TEACH.IE

Mar neartú ar a ról i gcur chun cinn na múinteoireachta mar ghairm agus ar dhearcadh dearfach a chothú i leith na múinteoireachta, thosaigh an Chomhairle ar www.teach.ie a fhorbairt mar áis ar líne do threoirchomhairleoirí, d'oifigigh gairmeacha, do thuismitheoirí agus dóibh siúd a d'fhéadfadh a bheith ag smaoineamh ar an múinteoireacht mar ghairm. I mí Eanáir 2009 tharla an chéad cheann de shraith d'fhócasghrúpaí le múinteoirí i Luimneach chun an t-ábhar don láithreán gréasáin a phleanáil.

# 2 Caighdeáin agus cumais múinteoireachta mar aon le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Stát a chothabháil agus a fhorbairt

Tá barrchleachtas sa mhúinteoireacht mar chroíluach a threoraíonn an Chomhairle ina cuid oibre agus déantar é seo a chur chun cinn trí na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus trí ról na Comhairle in oideachas múinteoirí.

## 2.1 CÓID IOMPAIR GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

Éilítear ar an gComhairle faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 go ndéanfaí na cóid iompair ghairmiúil do mhúinteoirí a bhunú, a fhoilsiú, a athbhreithniú agus a chothabháil. Orthu seo tá na caighdeáin mhúinteoireachta, eolais, oilteachta agus inniúlachta. D'fhoilsigh an Chomhairle na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí i 2007. Ó shin i leith, tá deimhniú déanta ag an gComhairle go ndearnadh scaipeadh chomh fairsing agus ab fhéidir orthu. D'áitigh an Chomhairle ar mhúinteoirí a bheith bainteach leis na Cóid agus ar úinéireacht na gairme ina leith a chothú. Eagraíodh sraith cruinnithe dírithe ar na Cóid do mhúinteoirí in Ionaid Oideachais i rith mí Bealtaine 2008 (féach Roinn 1.2). Mar aon leis sin cuireadh gné-alt in eagrán an Earraigh 2009 den nuachtlitir ag tabhairt cuireadh do mhúinteoirí na Cóid a athbhreithniú. Mar chúnamh don athbhreithniú tá nod-bhileoga agus áis aischothaithe faoi na Cóid ar fáil ar ghréasán idirlín na Comhairle. San aischothú atá faighte go dtí seo táthar ag fáiltiú roimh an bhforbairt ar na Cóid agus roimh na luachanna luaite iontu atá mar bhonn taca ag gairm na múinteoireachta.

## 2.2 OIDEACHAS MÚINTEOIRÍ

Tá cumhachtaí suntasacha ag an gComhairle Mhúinteoireachta maidir le cáilíocht oideachas múinteoirí a dheimhniú ar chontanam oideachais múinteoirí ón oideachas tosaigh do mhúinteoirí go dtí an t-ionduchtú agus go dtí an fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

### 2.2.1 *Contanam Oideachais Múinteoirí*

Sa bhliain 2007 thosaigh an Chomhairle ar an bpróiseas ar pháipéar polasaí a dhréachtadh chun a fís do chontanam oideachais múinteoirí ón oideachas tosaigh do mhúinteoirí chuig ionduchtú agus chuig forbairt ghairmiúil leanúnach a rianadh. Cruthóidh an páipéar polasaí creatlach ina ndéanfaidh an Chomhairle a feidhmeanna maidir le hoideachas múinteoirí a chur i bhfeidhm.

Ar mhaithe le heolas a sholáthar don fhorbairt ar a polasaí rinne an Chomhairle dhá phíosa taighde a choimisiúnú i 2007. D'ullmhaigh an tOllamh John Coolahan, Ollamh Emeritus Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad, páipéar seasaimh dar teideal "Páipéar Athbhreithnithe ar Mhachnamh agus ar Pholasaithe Bainteach le hOideachas Múinteoirí in Éirinn". Tugann an páipéar seo le chéile na moltaí ó phríomhthuairiscí ar oideachas múinteoirí in Éirinn. Lean grinnstaidéar é seo dar teideal "Ag foghlaim Cheird na Múinteoireachta agus na hImpleachtaí do Chontanam na Múinteoireachta; Staidéar Trastíortha i Naoi dTír". Is iad na daoine a thug faoin staidéar seo ná; an Dochtúir Paul Conway, an Dochtúir Rosaleen Murphy, an Dochtúir Anne Rath agus an tOllamh Kathy Hall ó Choláiste na

hOllscoile Corcaigh inar dearnadh taighde ar oideachas múinteoirí i naoi dtír, Éire san áireamh. Is féidir íoslódáil a dhéanamh ar an dá thuairisc taighde seo ó láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta. Táthar ag súil go bhfoilseofar dréachtpholasaí na Comhairle ar chontanam oideachais múinteoirí d'fhonn comhairliúcháin i 2010.

### 2.2.2 *Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí*

Tá sé mar chumhacht ag an gComhairle cláir oideachais tosaigh do mhúinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú. Beidh sainról ag an gComhairle nach mbainfidh leis an gcreidiúnú acadúil atá ar siúl cheana féin do na cláir. Tar éis comhairliúcháin le páirtnéirí an oideachais go luath i 2008, rinne an Chomhairle dréachtstraitéis a fhorbairt don athbhreithniú agus don chreidiúnú. Tharla tréimhse chomhairliúcháin eile i mí Dheireadh Fómhair 2008 inar tionóladh 11 cruinniú agus rinneadh pleanáil don tríú tréimhse chomhairliúcháin ag deireadh na bliana ar a ndéantar tuairisciú. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gComhairle ar an bhforbairt ar a Straitéis don Athbhreithniú agus don Chreidiúnú Gairmiúil ar Chláir Oideachais Tosaigh do Mhúinteoirí agus déanfar athbhreithniú ar cheithre chlár sa bhliain acadúil 09/10.

I gcaitheamh na bliana tuairiscithe, tháinig dhá iarratas faoi bhráid na Comhairle ó choláistí agus ó ollscoileanna chun aitheantas a fháil do chláir nua oideachais tosaigh múinteoirí.

Tháinig 12 iarratas aitheantais eile ó chláir céime ag éileamh faofa do theagasc ábhar ag an iar-bhunleibhéal.

### 2.2.3 *Ionduchtú agus Promhadh*

Is é ról na Comhairle maidir le hionduchtú ná nósanna imeachta a bhunú d'ionduchtú múinteoirí i ngairm na múinteoireachta. Is é a ról i leith an phromhaidh ná nósanna imeachta agus critéir a bhunú don phromhadh.

Níl tús feidhme curtha go fóill de réir Ordú ón Aire le hailt chuí an Achta. Mar réamhthús lena bhfeidhmiú bíonn ionadaíocht ag an gComhairle, trína Stiúrthóir, ar an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta den Tionscadal Náisiúnta Ionduchtúcháin d'Oidí (TNIO) agus ar gach ceann de na coistí stiúrtha sna sraitheanna bunoideachais agus iar-bhunoideachais. Deimhníonn sé seo go gcoimeádtar an Chomhairle ar an eolas faoi dhul chun cinn na gcoistí seo, rud a threoróidh an plé sa réimse seo san am atá le teacht.

Tá tús curtha ag an gCoiste Clárúcháin leis an obair athbhreithnithe ar réimse an phromhaidh.

### 2.2.4 *Forbairt Ghairimúil Leanúnach*

Is é príomhról na Comhairle maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ná athbhreithniú agus creidiúnú a dhéanamh ar chláir FGL agus taighde a dhéanamh sa réimse seo. Cuifear tábhacht FGL chun cinn freisin agus déanfar feasacht a fhorbairt ar na buntáistí a eascraíonn don mhúinteoir mar dhuine gairmiúil.

Cé gur gá fós don Aire Oideachais agus Eolaíochta tús feidhme a thabhairt d' ailt chuí an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá léiriú le fáil ón a feidhmeanna go léir ar thiomantas na Comhairle don fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí. Is cúis suntais ar leith a cuid scéimeanna sparántachtaí taighde.

### 2.2.5 *Sparántachtaí Taighde*

Dála a dara scéim sparántachtaí taighde bhronn an Chomhairle 34 sparántachtaí, le mórchiste beagnach €100,000, ag ócáid ar 29 Meán Fómhair 2008. Bronnadh na sparántachtaí ar 25 múinteoir agus ar 9 eile a bhfuil taighde ar bun acu i réimse an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe. Ag an ócáid freisin seoladh an tríú scéim sparántachtaí taighde agus tugadh aitheantas freisin do Lá Domhanda na Múinteoirí a bhíonn á cheiliúradh ar 5 Deireadh Fómhair.

Ó 2007 bhí trí scéim sparántachta ann, rud a chiallaigh gur bronnadh 71 sparántachtaí taighde. Ag an bpointe foilseacháin, bhí 22 tuarascáil thaighde comhlánaithe curtha faoi bhráid na Comhairle agus déanfar na torthaí




***Faighteoirí Sparántachtaí na Comhairle Múinteoireachta***

*Cuid d'fhaighteoirí sparántachtaí na Comhairle Múinteoireachta sa phictiúr le Joan Ward, Cathaoirleach agus le hÁine Lawlor, Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta*

***Chun tosaigh: (C-D):*** *Colin McElroy, Colleen Horn, Emma Browne, Paula Kinsella, Jennifer Hennessy, Kathryn McSweeney, Karen Walsh, Réaltán Ní Leannáin, Margaret Deegan*

***Ar cúl: (C-D):*** *Niamh O'Brien, Paul Moroney, Triona Hannon, Joseph Cremen, Dr Margaret Farren, Clare Hynes, Áine Lawlor, Stiúrthóir, Joan Ward, Cathaoirleach, Anna-Marie Higgins, Eileen Butler, Caroline O'Brien, Maura Regan-Walsh, Catríona Cosgrave, Dr Frances Murphy, Fiona Chambers*

taighde a dháileadh trí láithreán gréasáin na Comhairle.

Léiríonn na gradaim seo go mbíonn an fhoghlaim ar feadh an tsaoil go lárnach i ngairm na múinteoireachta. Cuideoidh an taighde atá idir lámha leis an múinteoir aonair, leis an ngairm agus i ndeireadh báire leis na daltaí sa rang. Tá eolas breise ar sparántachtaí taighde na Comhairle, ar a n-áirítear na réimsí taighde a bhfuil maoiniú déanta orthu, ar fáil ar Leathanach Taighde na Comhairle, www.oide.ie.

*"Toisc go ndéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta an fhorbairt ghairmiúil leanúnach a mhealladh, a chur chun cinn, agus a thacú is gné thábhachtach é seo, dar liomsa, maidir le hardchaighdeáin a ardú agus a chothabháil."*

Múinteoir bunscoile agus faighteoir sparántachta, Co na Gaillimhe

*"Cuideoidh an sparántacht ar bhealaí éagsúla le m'fhorbairt ghairmiúil. I ngeall ar an taighde seo a bheith déanta agam tá forbairt dhearfach tagtha ar mo chuid eolais ar an ábhar agus ar an mbealach ina gcuirim an t-ábhar i láthair, agus is cinnte go rachaidh a leithéid i bhfeidhm go dearfach ar mo chuid mac léinn."*

Múinteoir iar-bhunscoile agus faighteoir sparántachta, Co an Chláir

*"Rachaidh an sparántacht seo chun tairbhe mo thaighde agus cuireann sí deis ar fáil domsa ar iliomad bealaí mo scileanna mar chleachtóir machnamhach a shaibhriú."*

Teagascóir Breisoideachais agus faighteoir sparántachta,
Co Mhuineacháin

# 3 Rialú gairm na múinteoireachta

Tá rianadh déanta san Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 ar na freagrachtaí a bhaineann le clárú agus le rialú ghairm na múinteoireachta. Is iad na príomhfhreagrachtaí atá ar an gComhairle ná:

- Clár na Múinteoirí a chothabháil
- Na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a chur chun cinn
- Fiosrúcháin a dhéanamh ar oiriúnacht chun teagaisc.

## 3.1 CLÁR NA MÚINTEOIRÍ A CHOTHABHÁIL

Ba chéim mhór chun tosaigh i bhforbairt na Comhairle, agus go deimhin i bhforbairt na múinteoireachta mar ghairm, í bunú Chlár na Múinteoirí. Le linn na bliana tuairiscithe cuireadh 9,031 múinteoirí ar an gClár. Tá léiriú le fáil i bhFigiúr 2 ar dháileadh na múinteoirí cláraithe de réir gach earnáil.

***Fig 2: Clárúcháin Nua de réir Earnáil Oideachais, 28 Márta 2008 go 27 Márta 2009.***

| Earnáil Oideachais | Líon Múinteoirí |
|---|---|
| Bunleibhéal (4-12 bliana) | 4,256 |
| Iar-bhunleibhéal (12-18 bliana) | 3,805 |
| Iar-bhunleibhéal (Earnáil an Ghairmoideachais amháin) | 425 |
| Breisoideachas (Earnáil an Ghairmoideachais) | 479 |
| Montessori agus catagóirí eile | 220 |
| **Iomlán** | **9,185*** |

** Le linn na bliana lena mbaineann an tuairisc, cuireadh 9,031 múinteoir ar an gClár. Cláraíodh 77 múinteoirí ar bhonn cáilíochtaí a bheith acu i níos mó ná earnáil oideachais amháin. Mar thoradh air seo tá 154 taifead breise sa tábla thuas.*

Ba é an líon iomlán múinteoirí a bhí cláraithe ag deireadh na bliana tuairiscithe ná 66,509 (féach Figiúr 3).

***Fig 3: Staitisticí Clárúcháin, 28 Márta 2008 go 27 Márta 2009 .***

| | |
|---|---|
| Cláraithe ag 28 Márta 2008 | 59,487 |
| Móide céimithe nua | 2,907** |
| Móide cláraithe nua eile | 6,124 |
| Lúide clárúcháin neamh-athnuachana | (1,719) |
| Lúide bainte go toilteanach*** | (290) |
| **Cláraithe ag 27 Márta 2009** | **66,509** |

*** Aistríodh na torthaí do 3,351 mac léinn oideachas tosaigh do mhúinteoirí ó na coláistí agus na hollscoileanna go dtí an Chomhairle. Bhí 2,907 acu seo a chomhlánaigh an próiseas do chlárúchán céimithe.*

**** Baineann an uimhir seo den chuid is mó le múinteoirí ar scor ar mian leo a n-ainmneacha a bhaint go deonach den Chlár.*

### 3.1.1 *Rialacha Clárúcháin*

I gcaitheamh na bliana rinne an Chomhairle leasuithe breise ar na dréacht Rialúcháin don Chlárúchán a dhéanann cur síos ar riachtanais an chlárúcháin. Cuireadh na rialúcháin faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus rinne sé iad a fhaomhadh ina dhiaidh sin.

### 3.1.2 *Clárúcháin Múinteoirí*

Is iad an dá phríomhbhealach chun an chlárúcháin ná:

- Céimithe ó chláir oideachas tosaigh do mhúinteoirí in Éirinn atá creidiúnaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta
- Céimithe ó chláir oideachas tosaigh do mhúinteoirí a críochnaíodh lasmuigh d'Éirinn.

***Céimithe ó chláir oideachas tosaigh do mhúinteoirí in Éirinn***

Tá forbairt déanta ag an gComhairle ar phróiseas iarratais sruthlíneach do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile nua-chláraithe a mbronntar a gcáilíochtaí orthu in Éirinn. Mar chuid den phróiseas seo, tugadh 29 cuairt ar choláistí i rith na bliana chun mic léinn sa bhliain dheireanach de chúrsaí oideachas do mhúinteoirí a chur ar an eolas faoin bpróiseas clárúcháin. Chun dlús a chur leis an bpróiseas clárúcháin, iarradh ar mhic léinn foirmeacha toilithe don aistriú ar a dtorthaí chinn chúrsa, do Sheiceáil an Gharda Síochána agus don Oiriúnacht don Teagasc a sheoladh isteach. Deimhnítear, trí chomhlánú na gcéimeanna seo go luath sa bhliain, go mbíonn múinteoirí nua-cháilithe cláraithe sula dtosaíonn an scoilbhliain.

***Cláir oideachas tosaigh do mhúinteoirí a críochnaíodh lasmuigh d'Éirinn***

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an t-údarás ainmnithe don aitheantas ar cháilíochtaí gairmiúla in Éirinn (Treoir na Comhairle Uimh. 2005/36/EC) agus an t-údarás inniúil don aitheantas do cháilíochtaí a fhaightear i stát seachas Ballstát na gComhphobal Eorpach.

D'fhonn a bheith i dteideal clárú mar mhúinteoir ní mór d'iarratasóirí cáilíochtaí a bheith acu a aithníonn an Chomhairle Mhúinteoireachta don chlárúchán. Nuair a bhronntar cáilíochtaí lasmuigh d'Éirinn agus nuair nach mbíonn siad uathaitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta, bíonn breithmheas le déanamh ar cháilíochtaí iarratasóirí chun a fháil amach an réitíonn siad leis na riachtanais chlárúcháin.

Mar aon leis an dá bhealach thuasluaite, tá forbairt déanta ag an gComhairle ar phróiseas iarratais saincheaptha do dhaoine ar mian leo go gclárófaí iad bunaithe ar na cáilíochta ó rannóg Bhreisoideachais an Choiste Ghairmoideachais.

Tá fáil ar na sonraí maidir le líon na n-iarratas a fuarthas i bhFigiúr 4.

***Fig. 4: Iarratais ar Bhreithmheas Cáilíochta, 28 Márta 2008–27 Márta 2009.***

| Cineál Iarratais | Líon na n-Iarratas a Fuarthas |
|---|---|
| **Bunleibhéal** | |
| Iarratais aonair | 654 |
| **Iar-bhunleibhéal** | |
| Iarratais aonair - iar-bhunleibhéal príomhshrutha | 699 |
| Iarratais aonair - breisoideachas | 791 |
| Iarratais ó sholáthróirí tríú leibhéal d'aitheantas cláir nua | 12 |
| **Líon iomlán na n-iarratas a fuarthas do bhreithmheas cáilíochta** | **2,156** |

### 3.1.3 *Fianaise ar Charachtar*

Mar chuid de na coinníollacha iontrála ar Chlár na Múinteoirí éilíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta fianaise ar oiriúnacht carachtair. Iarrtar ar iarratasóirí clárúcháin:

1. Socrú a dhéanamh maidir lena n-oiriúnacht don teagasc a bheith teistithe ag duine cáilithe cuí;
2. Dul trí phróiseas Seiceála an Gharda agus, i gcás iarratasóirí a bhfuil tréimhsí fada caite acu thar lear, faomhadh a sholáthar ó phóilíní thar lear.

Taobh le taobh lena ról ar fhianaise carachtair a sholáthar mar chuid den phróiseas clárúcháin, déanann an Chomhairle comhordú freisin ar shocruithe seiceála an Gharda do mhúinteoirí nua atá ag teacht isteach i bhfórsa saothair na múinteoireachta. Ó thús na bliana acadúla 2006/2007, de réir mar atá in Imlitir 0094/2006 na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, tháinig an seiceáil i bhfeidhm mar choinníoll oibre do mhúinteoirí agus do cheapacháin eile a mbíonn fáil gan feitheoireacht acu ar pháistí agus ar dhaoine fásta leochailleacha. Is ionann "múinteoirí nua" agus iad siúd atá nua-cháilithe nó atá ag filleadh chun na seirbhíse tar éis tréimhse trí bliana nó níos mó. Thoiligh an Chomhairle a bheith mar an gcomhlacht údaraithe chun riar a dhéanamh ar an tseiceáil ar a leithéid de mhúinteoirí.

I mí na Nollag 2008 thionóil an Chomhairle cruinniú dóibh siúd uile a raibh spéis acu forbairt a dhéanamh ar phróiseas seiceála an Gharda do na múinteoirí go léir a bhí sa tseirbhís sular bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta. Bunaíodh grúpa oibre a tháinig le chéile roinnt uaireanta agus atá ag plé go gníomhach leis an ngnó seo.

Sa bhliain thuairiscithe chomhlánaigh 7,309 múinteoirí nua-cháilithe an próiseas faoin bhfianaise ar charachtar. I gcás 217 múinteoirí nua-cháilithe a chomhlánaigh an próiseas maidir le fianaise ar charachtar, fuarthas nochtadh eolais faoi chiontuithe nó faoi ionchúisimh ó Lárionad Seiceála an Gharda Síochána agus cuireadh iad seo faoi bhráid Phainéal na Comhairle don Fhianaise ar Charachtar dá bhreithmheas. Agus iad ag baint úsáide as treoirlínte faofa na Comhairle, tagann cinneadh ón bPainéal maidir leis an gceangal a bhíonn ag a leithéid de chiontú le hoiriúnacht múinteora don chlárú. Chomh maith leis sin thug an Painéal suntas don líon beag faisnéise araíonachta ó chomhairle mhúinteoireachta eile nó ó chomhlacht dá leithéid i ndlínsí eile. Níor diúltaíodh cead isteach ar an gClár d'aon mhúinteoir i rith na bliana tuairiscithe i ngeall ar fhianaise carachtair.

Sa bhliain thuairiscithe, rinne an Chomhairle faomhadh ar threoirlínte uasdhátaithe don Phainéal ar Fhianaise Carachtair mar chúnamh dá breithniú ar chiontuithe agus ar ionchúisimh a bhí ar feitheamh. Foilsíodh na treoirlínte seo ar láithreán gréasáin na Comhairle.

### 3.1.4 *Alt 30 an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001*

Tá foráil déanta in Alt 30 nach féidir ach múinteoirí atá cláraithe a fhostú mar mhúinteoirí i scoileanna aitheanta agus a dtuarastal a íoc ó chistí an Oireachtais. Ó Mhárta 2009, tá tugtha le fios don Chomhairle ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta go dtabharfar chun cinn go luath an reachtaíocht chun tús feidhme a thabhairt d'Alt 30 an Achta.

### 3.1.5 *Rochtain ar an gClár a Sholáthar*

Tá raon eolais ábhartha ar fáil ar Chlár na Múinteoirí ar a n-áirítear uimhir chláraithe, sonraí faoi stair sheirbhís fostaíochta agus cáilíochtaí gach múinteoir cláraithe. Ar bhonn staitistice, is foinse luachmhar eolais a leithéid. Cuireadh fáil idirdhealaithe ar rochtain an chláir do mhúinteoirí cláraithe, d'údaráis phárolla agus don phobal ar a gcomhéadan ar leith trí láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.oide.ie, agus leanann thíos na sonraí faoina leithéid.

***Rochtain do Mhúinteoir Cláraithe***

Áis í seo a cheadaíonn do mhúinteoirí cláraithe logáil isteach trí úsáid a bhaint as a n-uimhir chláraithe agus a bpasfhocal, agus breathnú ar na sonraí mar atá cláraithe ar Chlár na Múinteoirí. Is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as an gcomhéadan seo freisin chun athrú ar shonraí a éileamh.

***Rochtain na bPámháistir***

Cuireadh rochtain sonraí cáilíochtaí agus clárúcháin ar an gclár ar fáil d'údaráis phárolla trí chomhéadan slán. Tugann an comhéadan sin cead dóibh breathnú ar cháilíochtaí múinteora. Ní chuirtear a leithéid de rochtain ar fáil ach nuair a bhíonn nochtadh an eolais ceadaithe ag múinteoir.

***Cuardaigh an Clár***

Tugann an áis 'Cuardaigh an Clár' deis do bhaill an phobail a fháil amach an bhfuil múinteoir cláraithe. Is é seo an t-eolas a chuirtear ar fáil maidir le múinteoir cláraithe:

- Réamhainm
- Sloinne
- Uimhir chláraithe
- Earnáil oideachais de réir cáilíochta
- Más cuí, ainm agus seoladh na scoile ina bhfuil an múinteoir fostaithe dar leis an eolas is déanaí a cuireadh ar fáil.

## 3.1.6 Athnuachan Clárúcháin

Ar mhaithe lena gclárúchán a chothabháil, ní mór do mhúinteoirí cláraithe athnuachan a dhéanamh go bliantúil, ar lá chinn bhliana a gclárúchán. Do thart ar 80% de mhúinteoirí, is é 28 Márta an dáta atá i gceist. Tugadh cuireadh roimh an dáta sin i 2009 do 54,000 múinteoir a gclárúchán a athnuachan don tréimhse 2009/2010. Tugadh deis do mhúinteoirí don chéad uair an clárúchán a athnuachan ar líne. D'éirigh go maith leis an gcóras athnuachana ar líne agus táthar ag cur leis go fóill. Bhain thart ar an tríú cuid de mhúinteoirí úsáid as an áis athnuachana ar líne.

Níor tháinig aon athrú i 2008/2009 ar an táille athnuachana clárúcháin €90 ar tugadh faomhadh dó i 2007. Bíonn an táille mar bhunús le stádas na Comhairle mar chomhlacht uathrialach, féinrialaithe. Is féidir aisíocaíocht cánach a éileamh ar an táille mar chostas oibre.

## *3.1.7 Asbhaint Ainmneacha den Chlár*

Muna ndéanann múinteoir cláraithe iarratas ar athnuachan clárúcháin, ní mór don Chomhairle an múinteoir a bhaint den Chlár. De réir mar atá dlite in Alt 34 an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus tar éis roinnt meabhrúchán chuig na múinteoirí a bhí i gceist, baineadh 1,719 múinteoir de Chlár na Múinteoirí idir 28 Márta 2008 agus 27 Márta 2009. Mar aon leis sin, d'iarr 290 múinteoir go mbainfí a n-ainmneacha den chlár. Bhí a bhformhór acu seo ag éirí as an mhúinteoireacht.

## *3.1.8 Cumarsáid faoin gClárúchán agus faoin Athnuachan*

Le linn na bliana tuairiscithe bhí an Chomhairle i dteagmháil go leanúnach le múinteoirí faoin gclárúchán agus faoi ról na Comhairle Múinteoireachta. Sular tháinig na spriocanna athnuachana clárúcháin eisíodh na fógraí seo a leanas

- **Fógraí Athnuachana** - eisíodh fógra athnuachana clárúcháin tríd an bpost chuig 59,000 múinteoir.
- **Ríomhphoist Meabhrúcháin** - cuireadh dhá ríomhphost meabhrúcháin chuig 30,000 múinteoir a raibh seoltaí ríomhphoist curtha ar fáil acu don Chomhairle. Thug na ríomhphoist le fios do mhúinteoirí go raibh doiciméadúchán tábhachtach faoin gclárúchán curtha sa phost chucu.
- **Nuachtlitir** - *Oide*, a cuireadh chuig gach scoil i mí Dheireadh Fómhair 2008 ina raibh uasdhátú faoin gclárúchán agus faoin athnuachan.
- **Láithreán Gréasáin na Comhairle** - rinneadh uasdhátú ar www.oide.ie le rannóg chuimsitheach Ceisteanna Coitianta faoin athnuachan clárúcháin.
- **Fógraí in Irisí Speisialtóra** - uasdhátaí curtha in irisleabhair agus ar láithreáin gréasáin ceardchumainn mhúinteoirí agus eadraíochtaí bainistíochta.
- **Seirbhís do Chustaiméirí** - cuireadh foireann speisialaithe um fhreagairt gutháin i bhfeidhm chun freastal ar an líon mór glaonna a tháinig le linn thréimhse athnuachana an chlárúcháin. Eagraíodh seoladh tiomnaithe ríomhphoist freisin.

## 3.2 NA CÓID IOMPAIR GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ A CHUR CHUN CINN

D'fhoilsigh an Chomhairle na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí i 2007 ar a n-áirítear caighdeáin an teagaisc, an eolais, na scile agus na hinniúlachta.

I gcaitheamh na bliana lean an Chomhairle ag déanamh bolscaireachta ar na Cóid Iompair Ghairmiúil i measc múinteoirí, na páirtneirí oideachais agus an pobal i gcoitinne. Thosaigh athbhreithniú ar na Cóid i 2009.

Cuireadh cóip de na Cóid Iompair Ghairmiúil chuig gach duine a claraíodh i rith na bliana.

## 3.3 REÁCHTÁIL AR FHIOSRÚCHÁIN FAOIN OIRIÚNACHT DON TEAGASC

I gCuid 5 an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 déantar cur síos ar fheidhmeanna imscrúdaithe agus araíonachta na Comhairle. Nuair a chuireann an tAire Oideachais agus Eolaíochta tús leis an gcuid seo féadfaidh an Chomhairle nó aon duine iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdúcháin ar fhiosrúchán faoi fheidhmiúlacht múinteora chláraithe chun múineadh ar gach ceann nó aon cheann de na forais seo a leanas:

- nár chomhlíon sé nó sí an tAcht seo, an tAcht Oideachais,1998, an tAcht Oideachais (Leas), 2000, na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go 1999, nó aon rialacháin, rialacha nó orduithe arna ndéanamh faoi na hAchtanna sin, nó gur sháraigh sé nó sí aon fhoráil de na hAchtanna sin;
- gur mí-iompar gairmiúil* a iompar nó a hiompar;
- go bhfuil a chlárú nó a clárú earráideach mar gheall ar dhearbhú nó mífhaisnéis atá bréagach nó calaoiseach;
- go bhfuil sé nó sí neamhfheidhmiúil, ó thaobh sláinte de, chun múineadh.

** In Alt 41 an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 déantar mí-iompar gairmiúil a shainmhíniú mar:*

- *Gabháil d'iompar contrártha do chód iompair gairmiúil arna bhunú ag an gComhairle*
- *Gabháil d'aon iompar míchuí ina c(h)áil ghairmiúil nó ar shlí eile, a bhfuil sé nó sí neamhfheidhmiúil don mhúinteoireacht dá bharr.*

Éisteoidh an Coiste Araíonachta le gearán a chuireann an Coiste Imscrúduithe faoina bhráid. D'fhéadfadh raon smachtbhannaí a eascairt óna leithéid, ina measc an clárú a aistharraingt go sealadach nó go buan.

I mí Márta 2009, scríobh an Chomhairle chuig an tAire Oideachais agus Eolaíochta ag cur in iúl don Aire go raibh sé tráthúil tús a chur le cumhachtaí na Comhairle faoi Chuid 5 an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Chuir an tAire in iúl don Chomhairle ó shin go bhfuil tús feidhme Chuid 5 ar tí tarlú.

### 3.3.1 *Coistí Imscrúdaithe agus Araíonachta na Comhairle*

Tionóladh comhchruinnithe de na Coistí Imscrúdaithe agus Araíonachta agus na baill ag leanúint lena bpleanáil agus lena n-ullmhúchán dá ról maidir leis an Oiriúnacht don Teagasc. Tá staidéar déanta ag na coistí ar na cleachtais araíonachta ag comhlachtaí gairmiúla eile agus ag Comhairlí Múinteoireachta cóngaracha gaolmhara. I mí Márta 2009 d'aontaigh an Chomhairle dréacht-Rialacha don Chleachtas ar Phainéil Araíonachta a mbíonn fiosrúcháin ar bun acu faoin oiriúnacht don teagasc agus cuireadh iad seo ar aghaidh chuig an Aire d'fhonn a bhfaofa.

# 4 Eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú le hobair na Comhairle

Tá an Chomhairle airdeallach maidir leis an ngá atá ann eagraíocht éifeachtach agus cost-éifeachtúil a chur i bhfeidhm agus déanann sí athbhreithniú go leanúnach ar a próisis agus a córas lena dheimhniú go leanann an éifeacht a bhaineann leo é.

## 4.1 FÁS AGUS FORBAIRT, PLEAN STRAITÉISEACH 2008-2011

Tugadh faoi obair na Comhairle de réir fheidhmeanna an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Mar chomhlíonadh ar an riachtanas do phleanáil straitéiseach mar atá sa Chód Cleachtais um Rialú Eagraíochtaí Stáit, d'fhoilsigh an Chomhairle *Fás agus Forbairt* i mí Mheán Fómhair 2008.




Is é seo an chéad phlean straitéiseach ag an gComhairle agus beidh sé mar threoir ag an gComhairle agus í ag déanamh dul chun cinn i gcur i bhfeidhm an Achta. Tugann an teideal léiriú ar an gComhairle a bheith ag gluaiseacht ón mbunú go tréimhse fáis *(Fás)* agus forbartha *(Forbairt)*. Déantar rianadh sa phlean ar na spriocanna, na cuspóirí agus na straitéisí a chuirfidh treoir ar obair na Comhairle le linn tréimhse saoil an phlean. De réir mar a bhí chéad thréimhse na Comhairle ag teacht chun deiridh i mí an Mhárta 2009, chruthaigh sé leanúnachas don aistriú chun na Comhairle nua.

## 4.2 CEAPACHÁN AN DARA COMHAIRLE

Tháinig deireadh le téarma oifige na chéad Chomhairle ar 27 Márta 2009. Roimh an dáta sin, rinne an Chomhairle Rialúcháin Thoghchánaíochta a dhréachtadh, tugadh faomhadh dóibh ón Aire Oideachais agus Eolaíochta, agus foilsíodh iad mar Ionstraim Reachtúil dar teideal Rialúcháin na Comhairle Múinteoireachta (Toghchán na mBall) 2008 [I.R. Uimh. 386 de 2008].

De réir na Rialúchán rinneadh na toghcháin a reáchtáil chun folúntais an 16 múinteoir, 9 múinteoir bunscoile agus 7 múinteoir iar-bhunscoile, a líonadh ar an dara Comhairle. Tar éis fógra a thabhairt tríd na meáin náisiúnta, fuarthas 20 ainmniúchán. Toisc gurbh ionann líon na n-iarratasóirí agus líon na suíochán i roinnt catagóirí vótála agus toghlaigh thíreolaíochta, fógraíodh 12 tofa gan chur ina gcoinne. Foilsíodh fógra eile sna nuachtáin náisiúnta, ag deimhniú go ndéanfaí na toghcháin a reáchtáil i gcatagóirí toghchánaíochta/i dtoghlaigh thíreolaíochta chun an ceithre shuíochan eile a líonadh.

I ndiaidh chinneadh na Comhairle, agus ar mhaithe le feasacht níos leithne a fhorbairt ar na toghcháin a bhí ar tí tarlú, foilsíodh bróisiúr toghchánaíochta agus dáileadh é ar gach scoil sa tír. Bhí fáil ann ar ghrianghraif agus ar fhorógraí ó gach duine den 20 ainmní. Ina theannta sin scaipeadh dhá phóstaer ar gach scoil agus eisíodh sraith ríomhphost chuig múinteoirí a rinne cur síos ar na céimeanna go léir sa phróiseas toghchánaíochta. Cuireadh ceardchumainn ar an eolas go leanúnach agus cuireadh ábhair ar fáil dóibh d'fhoilseacháin na mball.

Dúnadh an toghchán ar 26 Feabhra, thosaigh comhaireamh na vótaí ar 27 Feabhra agus fógraíodh torthaí na dtoghchán. Mar atá dlite san Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, d'ainmnigh ceardchumainn na múinteoirí seisear múinteoir breise. Ainmníodh an 15 ball eile den dara Comhairle ó na coláistí oideachais, eagraíochtaí ainmnithe tríú leibhéal, bainsitíocht scoileanna, eagraíochtaí tuismitheoirí agus ón Aire Oideachais agus Eolaíochta. Cuireadh ainmnithe na mball tofa agus ainmnithe uile chuig an Aire Oideachais agus Eolaíochta dá gceapachán ar an gComhairle.

***Fig. 5: Catagóirí Toghchánaíochta agus Toghlaigh Thireolaíochta do Thoghcháin na Comhairle Múinteoireachta 2009.***

| Earnáil Oideachais | Líon Suíochán |
|---|---|
| **1. Bunleibhéal** | (9) |
| • Connacht/Uladh | 2 |
| • Baile Átha Cliath | 3 |
| • Laighean | 2 |
| • Mumhan | 2 |
| **2. Iar-bhunleibhéal Deonach** | (4) |
| • Connacht/Mumhan/Uladh | 2 |
| • Laighean | 2 |
| **3. Iar-bhunleibhéal Gairmoideachais** | (2) |
| • Connacht/Mumhan/Uladh | 1 |
| • Laighean | 1 |
| **4. Iar-bhunleibhéal Pobal is Cuimsitheach** | (1) |
| • Connacht/Laighean/Mumhan/Uladh | 1 |

Cheap an tAire Oideachais agus Eolaíochta, an tUasal Batt O'Keeffe, T.D., an 37 Ball den dara Comhairle go foirmiúil i dTúr an Chloig i Sráid Mhaoilbhríde ar 31 Márta 2009. Leanann tréimhse oifige an dara Comhairle ar feadh trí bliana ó 28 Márta 2009 go 27 Márta 2012.

## 4.3 STRUCHTÚR COISTÍ

Ar mhaithe le héascaíocht a dhéanamh ar a feidhmeanna a chomhlíonadh bhunaigh an Chomhairle roinnt coistí, grúpaí oibre agus painéal. Tá na sonraí a bhaineann le feidhmeanna agus le ballraíocht gach ceann acu seo ar fáil in Aguisín 2. Tá sceideal na gcruinnithe a tionóladh le linn na bliana tuairiscithe ar fáil i bhFigiúr 6.

### *4.3.1 Forbairt Ghairmiúil do Bhaill*

Ghlac baill na chéad Chomhairle páirt i lá ar an bhforbairt ghairmiúil i mí na Nollag 2008. Ba é cuspóir an lae ná athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar na chéad cheithre bhliana in oifig.

Bhí dhá lá ionduchtaithe ag baill an dara Comhairle i mí Márta 2009. Bhí cur i láthair ón Ollamh John Coolahan, Ollamh Emeritus, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Maigh Nuad, ón Uasal Alan Wall, Príomhoifigeach, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus ón Uasal John Lamont, Cláraitheoir, Comhairle na nDochtúirí Leighis.

***Fig. 6: Sceideal Cruinnithe na Comhairle agus na gCoistí le linn na bliana dar críoch 27 Márta 2009.***

| | Líon na gcruinnithe |
|---|---|
| An Chomhairle | 7 |
| Coiste Feidhmiúcháin | 6 |
| Coiste Clárúcháin | 8 |
| Coistí Imscrúduithe agus Araíonachta (Comhchoistí) | 5 |
| Coiste Oideachais | 7 |
| Coiste Airgeadais | 6 |
| Coiste Iniúchóireachta | 3 |
| Painéal don Fhianaise ar Charachtar | 9 |
| Grúpa Oibre ar Nósanna Imeachta | 7 |
| Grúpa Oibre na Gaeilge | 1 |
| Painéal na nIarratas Bunleibhéal | 9 |
| Painéal na nIarratas Iar-bhunleibhéal | 11 |



**Baill na Comhairle Mhúinteoireachta, 2009-2012**

***Ar cúl (C-D):*** *Christy Maginn, Eleanor Petrie, Dr Anne O'Gara, Jerry Cronin, Dr Pauric Travers, Tim O'Meara, Pat McQuaile, Gerry Malone, Emer Egan, Fergal McCarthy, Noel Buckley, Christy Carroll, Ciarán Flynn, Milo Walsh,Kieran O'Driscoll, Micheál Kilcrann*

***Chun tosaigh (C-D):*** *Elaine Devlin, Antoinette Buggle, Susie Hall, Eileen Flynn, Bernadine O'Sullivan, Micheál Ó Gríofa, Oll. Kathy Hall, Maree O'Connell, Anita McCann, Alice O'Connell, Áine Lawlor (Stiúrthóir, An Chomhairle Mhúinteoireachta), Vivienne MacSweeney, Batt O'Keeffe T.D. (Aire Oideachais agus Eolaíochta), Seán Rowley, Jack Keane, Carmel Bradwell, Anne McElduff, Dr Jim Gleeson, Dr Kevin Marshall, Dympna Mulkerrins, Lily Cronin*

*(In easnamh ón bpictiúr – Oliver Donohoe agus Dr Pádraig Hogan)*

## 4.4 RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá an Chomhairle airdeallach maidir leis an tábhacht a bhaineann le dea-rialachas corparáideach agus tá sí ag feidhmiú go gníomhach chun treoirlínte na Roinne Airgeadais ar rialachas corparáideach do chomhlachtaí Stáit a chur i bhfeidhm. Trína Coiste Iniúchóireachta agus a Grúpa Oibre ar Nósanna Imeachta, tá córas ar smachtanna inmheánacha airgeadais bunaithe ag an gComhairle agus tá a tuairisc bhliantúil mar aon le cuntais airgeadais iniúchta foilsithe aici. Tá forbairt déanta aici chomh maith, ar phróiseas do mheasúnú riosca agus bainistíochta, ar chóid iompair gnó do bhaill agus d'fhoireann na Comhairle, agus ar chód cleachtais don Chomhairle. Clúdaíonn an cód cleachtais na téarmaí tagartha do na coistí reachtúla agus do na buanchoistí go léir mar aon leis na painéil, agus tá fáil air seo ar láithreán gréasáin na Comhairle.

Bíonn nósanna imeachta maidir le nochtadh leasa agus deimhniú um chomhlíonadh de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí mar chuid de shocruithe rialachais chorparáidigh na Comhairle.

### 4.4.1 *Comhairle Ghairmiúil*

Agus í i mbun oibre, téann an Chomhairle sa tóir ar thacaíocht agus ar chomhairle ghairmiúil de réir mar is gá. I gcaitheamh na bliana, fuarthas comhairle dlí ar ghnóthaí éagsúla ar a n-áirítear clárúchán, Treoir Seirbhísí AE a chur i bhfeidhm, dréachtadh agus forbairt na rialúchán do thoghchán ball na Comhairle agus rialacha ar nósanna imeachta ar fheidhm na Comhairle i leith infheidhme chun teagasc a fhorbairt.

Fuair an Chomhairle comhairle gairmiúil freisin maidir le cúrsaí Theicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (TEC), measúnú riosca eagrúcháin, agus an dréachtadh ar scéim aoisliúntais na Comhairle.

## 4.5 BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ

### 4.5.1 *Acmhainní Daonna*

D'fhan an líon foirne ceadaithe ar 27 Márta 2009 ag 28.5 post. Le linn na bliana thuairiscithe rinneadh foireann shealadach a fhostú ag tréimhsí ardmhéid gníomhaíochta ar nós athnuachan clárúcháin agus tréimhsí clárúchán céimithe i rith an tsamhraidh. Cuireadh le chéile leabhrán foirne ina bhfuil polasaithe ar raon de ghnéithe acmhainne daonna ar a n-áirítear an bhulaíocht agus faoi chiapadh, nósanna imeachta araíonachta agus casaoide.

Bunaíodh Coiste Comhpháirtíochta mar fhóram don fhoireann agus don bhainistíocht chun plé agus díospóireacht a dhéanamh ar an mbealach ina ndéanann an Chomhairle Oibre a gnó agus ina mbainstíonn sí a cuid oibríochtaí. Tugadh an pháirtnéireacht, mar chur chuige don bhainistíocht ar athrú eagraíochta isteach san earnáil phoiblí don chéad uair sna 1990í chun dul i ngleic leis an athrú agus an nuachóiriú san earnáil. Tugtar go gníomhach faoina leithéid a spreagadh sa Chomhairle Mhúinteoireachta mar bhealach cumarsáide idir an fhoireann agus an bhainistíocht.

Tá fáil ar struchtúr bainistíochta na Comhairle in Aguisín 3.

### 4.5.2 *Airgeadas*

Ag tús na bliana tuairiscithe rinneadh comhlacht uathrialach den Chomhairle Mhúinteoireachta. Rinne an Coiste Airgeadais maoirseacht ar an aistriú gan uaim ó mhaoiniú na Roinne Oideachais agus Eolaíochta chuig an fhéinchistiú trí ghearradh na dtáillí.

Bhí bainistíocht na dtáillí athnuachana clárúcháin ar cheann de na príomhréimsí oibre. Go luath i 2008, tugadh cuireadh do 47,000 múinteoir cláraithe a gclárúchán a athnuachan don tréimhse 2008/2009. Ba é seo an chéad uair a iarradh ar mhúinteoirí táille athnuachana bliantúil clárúcháin a íoc. Chun bainistiú a dhéanamh ar airgead na dtáillí clárúcháin a bhí ag teacht isteach cuireadh próisis agus nósanna imeachta nua i bhfeidhm. I mí Feabhra 2009, tugadh cuireadh do 54,000 múinteoir le dáta athnuachana clárúcháin i mí Márta (thart ar 80% de na múinteoirí ar an gclár) a gclárúchán a athnuachan don tréimhse 2009/2010. Tugadh deis don chéad uair do mhúinteoirí an táille clárúcháin a íoc ar líne. D'éirigh go maith leis an gcóras athnuachana ar líne agus táthar ag déanamh breis forbartha air go fóill. Bhain thart ar an gceathrú cuid de mhúinteoirí úsaid as an áis clárúcháin ar líne.

Ba é caiteachas na Comhairle sa bhliain airgeadais 2008 ná €4,232,612. Áirítear mar chuid de na príomh-mhíreanna caiteachais ná costais foirne, cíos an fhoirgnimh, postas, foilseacháin agus costais TEC. Ba é an teacht isteach sa tréimhse sin ná €6,088,456, agus é seo ag teacht go príomha ón gclárúchán agus ó tháillí measúnaithe. D'eascair an barrachas i ngeall ar mhoill leis an tús a chur le roinnt feidhmeanna an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Mar aon leis sin, tá barrachas an ioncaim curtha i leataobh chun dliteanais atá le teacht a ghlanadh ar nós costas dlí agus costas pinsean. Tá fáil ar Chuntais Airgeadais Iniúchta na Comhairle do 2008 in Aguisín 4.

### 4.5.3 *TEC*

Bíonn córais TEC na Comhairle á bhfeabhsú go leanúnach ar mhaithe le rochtain éifeachtach ar Chlár na Múinteoirí a chruthú agus a chothabháil, agus chun córais eagrúcháin slán a chothabháil.

Cuireadh leis an áis Rochtana do Mhúinteoirí Cláraithe (féach 3.1.5) chun ligint do mhúinteoirí an rogha a bheith acu a gclárúchán a athnuachan agus an táille athnuachana a íoc ar líne. Mhéadaigh an rogha seo éifeacht an riaracháin trí laghdú a dhéanamh ar an doiciméadúchán a tháinig chuig oifigí na Comhairle. Tugann an áis Logála Isteach do Mhúinteoir Cláraithe deis do mhúinteoirí breathnú ar an eolas go léir atá stóráilte fúthu ar an gclár agus tugann sé cead do mhúinteoirí uasdhátú ar a sonraí pearsanta nó ar a sonraí fostaíochta a éileamh. Le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú, rinneadh breis agus 7,000 éileamh ar leith ar shonraí a uasdhátú, 1,000 acu seo a bhain le seoladh a athrú.

I rith na bliana cuireadh an áis Cuardaigh an Clár ar fáil freisin (féach 3.1.5). Tugann an áis seo deis do bhaill an phobail a fháil amach an bhfuil múinteoir cláraithe. Faoi láthair, baintear úsáid as an áis seo thart ar 300 uaire in aghaidh na seachtaine.

I 2008, cuireadh le húsáid bogearraí don éirim ghnó chun mionstaitisticí a sholáthar ó Chlár na Múinteoirí.

I dtreo dheireadh 2008, rinneadh inniúchóireacht Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) sa Chomhairle. Tá an Chomhairle i mbun oibre faoi láthair maidir lena caighdeán comhlíonta ISO a mhéadú. Bhain roinnt den obair thosaigh le slándáil fhisiciúil an fhoirgnimh a mhéadú, tús a chur le TCI (Teilifís Ciorcaid Iata) agus bréag-athshlánú anachaine a reáchtáil.

### 4.5.4 *Cóiríocht*

Tá oifigí na Comhairle Múinteoireachta lonnaithe i Maigh Nuad, Contae Chill Dara. Bíonn an oifig oscailte don phobal idir 9.00 r.n. agus 5.00 i.n. ó Luan go hAoine. Le linn na bliana tuairiscithe thóg an Chomhairle spás breise ar cíos do storáil comhad.

## 4.6 CUMARSÁID

Ar mhaithe le caidreamh éifeachtach a bhunú agus a chothabháil le páirtithe leasmhara, tá forbairt déanta ag an gComhairle ar chlár cumarsáide. Tugtar aird i gcónaí lena dheimhniú go mbaintear úsáid as na bealaí cumarsáide is oiriúnaí, is éifeachtaí, agus is cost-éifeachtúla.

### 4.6.1 *Nuachtlitir*

I rith na bliana d'fhoilsigh an Chomhairle dhá eagrán dá nuachtlitir, *Oide*. Foilsíodh an chéad eagrán i bhFómhar na bliana 2008. Foilsíodh an dara heagrán san Earrach 2009 agus rinneadh é a athdhearadh mar fhoilseachán níos giorra a thug blaiseadh ar obair na Comhairle.




### 4.6.2 *Fás agus Forbairt*

Foilsíodh Plean Straitéiseach na Comhairle 2008-2011 i mí Mheán Fómhair 2008 (féach cuid 4.1). Treoraíonn an plean seo an Chomhairle ina cuid oibre agus í ag gluaiseacht ón tréimhse bunaithe chuig tréimhse fáis *(fás)* agus forbartha *(forbairt)*.

### 4.6.3 *Tuarascáil Bhliantúil*

Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle Múinteoireachta do 2007/2008 go luath i 2009. Dáileadh í ar gach scoil i bhfoirm CDRom, agus mar chóip chrua ar na páirtnéirí oideachais agus ar leabharlanna poiblí.



### 4.6.4 *Bileog réamheolais*

Chun cuidiú le heolas a sholáthar do mhúinteoirí, agus don phobal i gcoitinne, faoi obair na Comhairle, foilsíodh bileog nua i mí Feabhra 2009. Cuireann an bhileog seo réamheolas gonta ar fáil faoin gComhairle Mhúinteoireachta, déantar cur síos ar a raon freagrachtaí agus ar a príomhfheidhmeanna chomh maith. Déantar an bhileog seo a dháileadh ag imeachtaí agus ag taispeántais éagsúla.

Tá na foilseacháin uile ar fáil le híoslódáil ag www.oide.ie nó ar iarratas ó oifigí na Comhairle.

## 4.6.5 *Fógraíocht*

Mar chuid den fheachtas toghchánaíochta don dara Comhairle agus de réir na Rialacha Toghchánaíochta, cuireadh trí fhógra reachtúil poiblí sna nuachtáin laethúla i mí Dheireadh Fómhair 2008, i mí na Nollag 2008 agus i mí Eanáir 2009.

## 4.6.6 *Coir Poist Dhíreacha*

Scríobh an Chomhairle go díreach chuig scoileanna ocht n-uaire i rith na bliana. I bhformhór na gcor poist seo, is chuig an Príomhoide a seoladh an post le cóipeanna breise curtha ar fáil don fhoireann teagaisc. Bíonn an Chomhairle faoi chomaoin go leanúnach ag príomhoidí scoile as ucht doiciméadán a dháileadh ar mhúinteoirí a scoile.


Tugann Figiúr 7 na sonraí ar fheachtas na gcor poist dhíreacha go scoileanna i rith na bliana.

***Fig. 7: Sceideal na gCor Poist.***

| Dáta | Cor Poist |
|---|---|
| Aibreán 2008 | Póstaer faoi Chruinnithe Réigiúnacha le Múinteoirí |
| Meán Fómhair 2008 | *Fás agus Forbairt*, Plean Straitéiseach 2008-2011 |
| Deireadh Fómhair 2008 | Eagrán an Fhómhair (uimh. 6) de Nuachtlitir na Comhairle Múinteoireachta, *Oide* |
| Deireadh Fómhair 2008 | Póstaer toghchánaíochta 1 |
| Samhain 2008 | Póstaer toghchánaíochta 2 |
| Feabhra 2009 | Bróisiúr toghchánaíochta |
| Feabhra 2009 | Tuarascáil Bhliantúil 2007/2008 (ar CDRom) |

Ar roinnt ócáidí, mar chuid den phróiseas athnuachana clárúchain, scríobh an Chomhairle go díreach chuig múinteoirí. Cuireadh post ar fad faoin athnuachan clárúcháin chuig 78,215 múinteoirí.

***Fig 8: Coir Poist Clárúcháin, 28 Márta 2008 go 27 Márta 2009.***



### 4.6.7 *Nuashonruithe ríomhphoist*

Cuirtear sainmhíreanna nuachta ar obair na Comhairle Múinteoireachta mar litir ríomhphoist chuig múinteoirí cláraithe a bhfuil seoladh ríomhphoist do chomhfhreagas curtha ar fáil acu. Le linn na bliana tuairiscithe cuireadh litreacha ríomhphoist faoi na toghcháin, faoi nuachtlitir na Comhairle, agus faoin athnuachan clárúcháin (féach Figiúr 9). Is bealach cumarsáide éifeachtach agus cost-éifeachtúil é ábhar nuachta a sheoladh chuig múinteoirí tríd an ríomhphost.

***Fig. 9: Nuashonruithe Ríomhphoist.***

| Ábhar an Litir Ríomhphoist | Dáta a Seoladh | Líon na bhFaighteoirí |
|---|---|---|
| Eagrán an Earraigh *d'Oide* (nuachtlitir) | 07 Bealtaine 2008 | 23,014 |
| Toghcháin (1 as 3) agus eagrán an Fhómhair *d'Oide* (nuachtlitir) | 14 Deireadh Fómhair 2008 | 35,093 |
| Ríomhphoist Thoghchánaíochta (2 as 3) | 08 Nollaig 2008 | 35,087 |
| Ríomhphoist Thoghchánaíochta (3 as 3) | 02 Feabhra 2009 | 37,180 |
| Litreacha Athnuachana ar Chlárúchán | 10 Márta 2009 | 29,997 |




### 4.6.8 *Caidreamh leis na Meáin*


Tuigeann an Chomhairle Mhúinteoireachta gur bealach tábhachtach iad na meáin chun eolas a sholáthar mar aon le bheith ina spriocghrúpa iontu féin. Tugann sí faoin úsáid is fearr a bhaint as na deiseanna cuí a bhíonn ar fáil chun próifíl na Comhairle a leathnú, chun feasacht ar a príomhtheachtaireachtaí a scaipeadh agus chun seasamh le cáil ghairm na múinteoireachta.

Eisíodh daichead preas ráiteas le linn na bliana tuairiscithe, ceithre cinn acu seo mar phreas ráitis ghinearálta agus an chuid eile acu bainteach go háitiúil leis an bhfreastal ar na meáin réigiúnacha. Mar aon leis sin scríobhadh ailt d'fhoilseacháin éagsúla.

### *4.6.9 Láithreán Gréasáin*

Leanann an tábhacht a bhaineann le laithreán gréasáin na Comhairle, www.oide.ie mar fhoinse eolais ar a cuid oibre. Tosaíodh go luath i 2009 ar obair athchóirithe ar an ábhar atá ar an láithreán gréasáin ionas go mbeidh sé níos áisiúla d'úsáideoirí. Bhí athdhéanamh ar an rannóg Clárúcháin mar aon le rannóg nua ar Oideachas Múinteoirí san áireamh mar chuid den obair seo.

***Fig 10: Cuairteanna ar Láithreán Gréasáin na Comhairle Múinteoireachta***




Léiríonn na staitisticí (féach figiúr 10) go raibh ar an meán 23,162 cuairteoirí ar an láithreán gréasáin gach mí ó Aibreán 2008 go Márta 2009. Méadú 10% é seo ar an mbliain roimhe sin nuair a bhí meán-uimhir na gcuairteoirí ag 21,000 in aghaidh na míosa. Bhí buaic-phointe na n-uimhreacha i mí Márta, an t-am nuair a bhí an tréimhse athnuachana clárúcháin i gceist don chuid is mó de na múinteoirí (30,391 cuairteanna).

### *4.6.10 Teagmháil le Comhlachtaí Ionadaíocha*

Tugann cumainn mhúinteoirí, eagraíochtaí tuismitheoirí, comhlachtaí bainistíochta agus páirtnéirí eile an oideachais deis sár-luachmhar don Chomhairle dul i dteagmháil lena spriocphobal. I rith na bliana, bhí an Chomhairle ag obair i gcomhpháirt lena leithéid d'eagraíochtaí chun teachtaireachtaí tábhachtacha a chur in iúl do mhúinteoirí. Is mór ag an gComhairle an tacaíocht a bhí le fáil aici ó na heagraíochtaí ionadaíocha go léir.

## 4.7 SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tuigeann an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le bealaí cumarsáide a fhorbairt le páirtnéirí uile an oideachais agus leis an bpobal.

Rinneadh ceardlann lae bainteach le Plé le Custaiméirí a reáchtáil go hinmheánach ar 9 Deireadh Fómhair 2008 agus d'fhreastail deichniúr ball foirne air seo. Chuir an cheardlann seo cúnamh praiticiúil ar fáil maidir le seirbhís mhaith a sholáthar do chustaiméirí.

Cuireadh tús freisin le pleananna chun Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí a fhorbairt. Beidh ráiteas caighdeán sa Chairt a leanfaidh an Chomairle nuair a bhíonn siad ag plé leis an bpobal.

## 4.8 SAORÁIL FAISNÉISE AGUS COSAINT SONRAÍ

Tá an Chomhairle faoi réir ag riachtanais na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 (Acht FOI) agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.

## 4.9 GAEILGE

Bíonn soláthar ar leith ar fáil ón gComhairle do sheirbhísí trí Ghaeilge agus leanann sí na riachtanais a éilíonn Act na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Chun soláthar ar sheirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú cuireadh oiliúint ar fáil do roinnt ball foirne a raibh sé mar mhian acu a scileanna teanga a fheabhsú.

Leantar leis an bhfeabhsú ar ghréasán na Comhairle, a ghnóthaigh Teastas Gradaim "An Suíomh Gaeilge is Fearr" mar chuid de Ghradaim Ghaeilge eRialtas i 2008. Tá a seoladh gréasáin féin aici i nGaeilge freisin – www.oide.ie

# 5

## Aguisíní


**Aguisín 1** Baill na Comhairle
**Aguisín 2** Coistí, Grúpaí Oibre agus Painéil na Comhairle
**Aguisín 3** Struchtúr Bainistíochta na Comhairle
**Aguisín 4** Ráitis Airgeadais Iniúchta


## Aguisín 1
Baill na Comhairle

Tá an Chomhairle comhdhéanta de 37 ball mar seo a leanas:

- 11 múinteoir bunscoile, naonúr acu tofa agus beirt ainmnithe ag ceardchumann na múinteoirí
- 11 múinteoir iar-bhunscoile, seachtar acu tofa agus ceathrar ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí
- 2 ainmnithe ag Coláistí Oideachais
- 2 ainmnithe ag eagraíochtaí tríú leibhéal ar leith
- 4 ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag an mbunleibhéal agus beirt ag an iar-bhunleibhéal)
- 2 ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine ag an mbunleibhéal agus duine ag an iar-bhunleibhéal) agus
- 5 ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta, ar a n-áirítear duine mar ionadaí de IBEC agus duine mar ionadaí de ICTU.

## Baill na Comhairle, 28 Márta 2008 go 27 Márta 2009

| Ball | | Earnáil |
|---|---|---|
| Christy Carroll | Tofa | Bunscoileanna |
| Oll. Peadar Cremin | Ainmní | Coláistí Oideachais |
| Lily Cronin | Tofa | Iar-bhunscoileanna Deonacha |
| Oliver Donohoe | Ainmní | Aire (ICTU) |
| Oll. Sheelagh Drudy | Ainmní | Ollscoileanna & Coláistí Ainmnithe Tríú Leibhéal |
| Derek Dunne | Ainmní | AMÉ (TUI) (éirithe as Eanáir 2009) |
| Emer Egan | Ainmní | Aire |
| Dr Jim Gleeson | Ainmní | Ollscoileanna & Coláistí Ainmnithe Tríú Leibhéal |
| Tommy Glynn | Tofa | Scoileanna Gairmoideachais |
| Susie Hall | Tofa | Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha |
| Jack Keane | Tofa | Iar-bhunscoileanna Deonacha |
| Justin MacCarthy | Tofa | Bunscoileanna |
| Christopher Maginn | Ainmní | CMMÉ (ASTI) |
| Gerry Malone | Ainmní | CMÉ (INTO) |
| Dr Kevin Marshall | Ainmní | Aire (IBEC) |
| Anita McCann | Ainmní | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal) |
| Anne McElduff | Ainmní | CMÉ (INTO) |
| Patrick McQuaile | Tofa | Scoileanna Gairmoideachais |
| Dympna Mulkerrins | Tofa | Bunscoileanna |
| Máire Ní Laoire | Ainmní | CMMÉ (ASTI) |
| Tomás Ó Cruadhlaoich | Ainmní | Aire |
| George O'Callaghan | Ainmní | Bainistíocht Scoile (Iar-bhunleibhéal) |
| Maree O'Connell | Tofa | Bunscoileanna |
| Msgr Dan O'Connor | Ainmní | Bainistíocht Scoile (Bunleibhéal) |
| Deirdre O'Donoghue | Ainmní | Bainistíocht Scoile (Bunleibhéal) |
| Kieran O'Driscoll | Ainmní | Aire |
| Dr Anne O'Gara | Ainmní | Coláistí Oideachais |
| Mícheál Ó Gríofa | Tofa | Bunscoileanna |
| Tim O'Meara | Ainmní | AMÉ (TUI) (ceaptha Feabhra 2009) |
| Bernadine O'Sullivan | Tofa | Iar-bhunscoileanna Deonacha |
| Eleanor Petrie | Ainmní | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-bhunleibhéal) |
| Dermot Quish | Tofa | Iar-bhunscoileanna Deonacha |
| Seán Rowley | Tofa | Bunscoileanna |
| Jacqueline Sheil | Ainmní | AMÉ (TUI) |
| Jacinta Stewart | Ainmní | Bainistíocht Scoile (Iar-bhunleibhéal) |
| Milo Walsh | Tofa | Bunscoileanna |
| Eileen Ward | Tofa | Bunscoileanna |
| Joan Ward | Tofa | Bunscoileanna |

## Aguisín 2

Coistí, Grúpaí Oibre agus Painéil na Comhairle

Ar mhaithe le héascaíocht a dhéanamh ar a cuid oibre tá roinnt coistí, grúpaí oibre agus painéil bunaithe ag an gComhairle. Tá na mionsonraí faoi fheidhmeanna agus faoi bhallraíocht gach ceann acu seo le fáil thíos:

### AN COISTE FEIDHMIÚCHÁIN

Is é cuspóir an Choiste Fheidhmiúcháin ná éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil na Comhairle trí ghnóthaí na Comhairle a reáchtáil idir ghnáthchruinnithe ginearálta na Comhairle. Is iad seo a leanas cuid de shainchuspóirí an choiste:

- Feidhmiú mar mheicníocht chomhordaithe chun gníomhú ar thrasghnóthaí de réir mar a eascraíonn siad
- Feidhmiú thar ceann na Comhairle nuair nach féidir cruinniú ginearálta na Comhairle a eagrú i ngeall ar chúinsí ama nó cúinsí eile
- Orduithe eatramhacha a dhéanamh ar son na Comhairle nuair a bhíonn práinn i gceist agus nuair nach féidir leis an gComhairle cruinniú a eagrú ar ghearr-fhógra
- Tuairisciú go rialta don Chomhairle.

**Don bhliain suas go 27 Márta 2009, bhí 11 ball ar an gCoiste Feidhmiúcháin mar seo a leanas**

- Joan Ward (Cathaoirleach)
- Emer Egan
- Dr Jim Gleeson
- Tommy Glynn
- Susie Hall
- Gerry Malone
- Anne McElduff
- Pat McQuaile
- Tomás Ó Cruadhlaoich
- Bernadine O'Sullivan
- Eleanor Petrie

### AN COISTE IMSCRÚDAITHE

Nuair a bheidh Alt 5 an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta ag feidhmiú beidh an Chomhairle, nó aon duine eile, ábalta iarratas a chur faoi bhráid an Choiste Imscrúdaithe maidir le hiniúchadh ar oiriúnacht don chleachtas aon mhúinteora sna cúinsí seo a leanas:

- Má theip ar mhúinteoir i gcomhlíonadh, nó má sháraigh sé/sí, an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, an tAcht Oideachais, 1998, an tAcht Oideachais (Leas), 2000, nó na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go 1999
- Más shíltear iompar an mhúinteora a bheith i réimse an mhí-iompair ghairmiúil mar atá leagtha síos san Acht
- Má bhíonn faillí i gclárú an mhúinteora i ngeall ar eolas míchruinn nó calaoiseach a bheith tugtha nó mífhaisnéis a bheith léirithe nó
- Muna mbíonn ar a c(h)umas teagasc i ngeall ar chúinsí leighis.

Ní bheidh baint ag an gComhairle ach an oiread le gnóthaí laethúla a bhaineann le conradh ná le haraíonacht, ná ní bheidh suntas á thabhairt ag an gComhairle do ghearáin ar féidir deighleáil níos fearr leo ag an leibhéal áitiúil.

Nuair a shíltear é a bheith cuí a leithéid a dhéanamh, cuirfidh an Coiste an t-iarratas ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta.

**Don bhliain suas go 27 Márta 2009, bhí 11 ball ar an gCoiste Imscrúdaithe mar seo a leanas**

- Tommy Glynn (Cathaoirleach)
- Oliver Donohoe
- Derek Dunne (éirthe as Eanair 09)
- Christy Maginn
- Máire Ní Laoire
- Maree O'Connell
- Deirdre O'Donoghue
- Micheál Ó Gríofa
- Tim O'Meara (ceaptha Feabhra 09)
- Eleanor Petrie
- Jacinta Stewart
- Milo Walsh

## AN COISTE ARAÍONACHTA

Nuair a bhíonn tús feidhme curtha le Cuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta éisteoidh painéal den Choiste Araíonachta le gearán curtha faoina bhráid ag an gCoiste Imscrúdúcháin. Déanfar an éisteacht a reáchtáil de réir Ailt 43 agus Sceidil 3 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, mar aon leis na rialacha agus nósanna imeachta gaolmhara atá dréachtaithe ag an gComhairle. Mar thoradh ar an éisteacht d'fhéadfadh go bhfaigheadh an painéal múinteoir a bheith mí-oiriúnach don teagasc, nó d'fhéadfaí an t-iarratas a dhíbheann.Cuireann an painéal a thuairisc faoi bhráid an Choiste Araíonachta.

Nuair a shroichtear toradh "neamh-infheidhme chun teagaisc", gearrann an Coiste smachtbhanna cuí agus d'fhéadfadh go mbeadh aistarraingt clárúcháin go sealadach nó go buan, nó leanúntas leis an gclárúchán faoi réir ag roinnt coinníollacha.

**Don bhliain suas go 27 Márta 2009, bhí 13 ball ar an gCoiste Araíonachta mar seo a leanas**

- Joan Ward (Cathaoirleach)
- Christy Carroll
- Lily Cronin
- Emer Egan
- Jack Keane
- Justin MacCarthy
- Dr Kevin Marshall
- Anita McCann
- Pat McQuaile
- George O'Callaghan
- Msgr Dan O'Connor
- Jacqueline Sheil
- Eileen Ward

## AN COISTE CLÁRÚCHÁIN

Cuireann an Coiste Clárúcháin comhairle ar fáil don Chomhairle agus déanann sí moltaí faoi gach gné de chlárúchán múinteoirí ag an gComhairle. Baineann an obair seo le comhairle agus le moltaí a chur ar fáil faoi:

- na rialacha a rialaíonn an chlárúchán
- na próisis a bhaineann lena leithéid de rialacha a chur i bhfeidhm
- an próiseas a úsáidtear chun cinntí painéal a athbhreithniú
- comhdhéanamh na dtéarmaí tagartha do Phainéil na nIarratas Bunscoile agus Iar-bhunscoile agus don Phainéal ar Fhianaise ar Charachtar
- ceapachán measúnóirí chun cuidiú leis na Painéil Iarratais agus leis an bpróiseas ar Athrbhreithniú Cinnidh
- comhairle a chur ar an gComhairle maidir leis an gcineál teastais atá le heisiúint
- critéir agus treoir don bhreithmheas ar cháilíochtaí don chlarúchán
- gnóthaí a bhaineann le fainaise carachtair agus leis an bpromhadh.

Mar aon leis sin, déanann an Coiste Clárúcháin, agus é ag feidhmiú thar ceann na Comhairle, athbhreithniú ar chinntí faoi iarratais clárúcháin a bhíonn déanta ag Painéil na nIarratas Bunscoile agus Iar-bhunscoile agus ag an bPainéal ar Fhianaise Carachtair, nuair a éilíonn an tIarratasóir a leithéid. Déantar é seo de réir an phróisis ar Athbhreithniú Cinnidh atá glactha ag an gComhairle. Is féidir é seo a íoslódáil ó láithreán gréasáin na Comhairle.

**Don bhliain suas go 27 Márta 2009, bhí 13 ball ar an gCoiste Clárúcháin mar seo a leanas**

- Pat McQuaile (Cathaoirleach)
- Oll. Peadar Cremin
- Oll. Sheelagh Drudy
- Derek Dunne (éirthe as Eanair 09)
- Jack Keane
- Justin MacCarthy
- Máire Ní Laoire
- George O'Callaghan
- Msgr Dan O'Connor
- Tomás Ó Cruadhlaoich
- Kieran O'Driscoll
- Micheál Ó Gríofa
- Tim O'Meara (ceaptha Feabhra 09)
- Seán Rowley

## AN COISTE AIRGEADAIS

Déanann an Coiste Airgeadais maoirseacht ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle ar a n-áirítear ullmhúchán an bhuiséid bhliantúil, monatóireacht leanúnach ar theacht isteach agus ar chaiteachas, agus ar shocruithe na Comhairle maidir le cúramaí ginearálta riaracháin.

Áirítear mar chuid dá fheidhmeanna:

- Athbhreithniú agus tuairisciú ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle
- Breathnú maidir leis an mbuiséad bliantúil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ghlanioncam agus ar ghlanchaiteachas i gcoinne an bhuiséid ag tréimhsí rialta aitheanta le linn timthrialla an bhuiséid bhliantúil, agus deimhniú a dhéanamh nuair is gá go ndéantar buiséad leasaithe a ullmhú
- Monatóireacht a dhéanamh ar dháileadh an chiste airgid
- Athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh maidir le táillí na Comhairle
- Teagmháil a dhéanamh le, agus cuntais a ullmhú do na hiniúchóirí agus tuairisciú don Chomhairle maidir le cúinsí airgeadais.

**Suas go 27 Márta 2009 bhí 5 ball ar an gCoiste Airgeadais mar seo a leanas**

- Bernadine O'Sullivan (Cathaoirleach)
- Anita McCann
- Kieran O'Driscoll
- Seán Rowley
- Jacqueline Sheil

## AN COISTE OIDEACHAIS

Tá freagracht ag an gcoiste seo ar aighneachtaí a dhréachtadh agus ar mholtaí a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le raon de ghnóthaí oibre na Comhairle ar a n-áirítear:

- Na caighdeáin oideachais agus oiliúna ea ba chóir a bheith ag daoine agus iad ag tosú ar chláir oideachais múinteora sa Stát agus an t-athbhreithniú agus an creidiúnú ar a leithéid de chláir
- An t-athbhreithniú ar chaighdeáin eolais, scile agus inniúlachta is gá don chleachtas teagaisc
- Gnóthaí a bhaineann le baill nua a ionduchtú chun na gairme
- Cur chun cinn oideachas, oiliúint agus forbairt ghairmiúil múinteoirí; agus, an t-athbhreithniú agus creidiúnú ar chláir don fhorbairt ghairmiúil leanúnach
- Cóid iompair ghairmiúil do mhúinteoirí a dhréachtadh agus a athbhreithniú
- Cur chun cinn na múinteoireachta mar ghairm
- Straitéis cumarsáide na Comhairle
- Polasaí taighde na Comhairle.

**Don bhliain suas go 27 Márta 2009, bhí 13 ball ar an gCoiste Oideachais mar seo a leanas**

- Gerry Malone (Cathaoirleach)
- Lily Cronin
- Oliver Donohoe
- Dr Jim Gleeson
- Dr Kevin Marshall
- Pat McQuaile
- Dympna Mulkerrins
- Deirdre O'Donoghue
- Dr Anne O'Gara
- Dermot Quish
- Jacqueline Sheil
- Jacinta Stewart
- Eileen Ward

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Déanann an Coiste Iniúchóireachta monatóireacht ar chórais, ar smachtaí airgeadais agus ar nósanna imeachta na Comhairle lena dheimhniú go mbíonn siad ag feidhmiú ar bhealach ordúil agus éifeachtach.

**Don bhliain suas go 27 Márta 2009, bhí 6 ball ar an gCoiste Iniúchóireachta mar seo a leanas**

- Dr Kevin Marshall (Cathaoirleach)
- Oliver Donohoe
- Emer Egan
- Kieran O'Driscoll
- Bernadine O'Sullivan
- Jacqueline Sheil

## AN PAINÉAL AR FHIANAISE CARACHTAIR

Déanann an Painéal ar Fhianaise Carachtair fianaise carachtair na n-iarratasóirí a éilíonn clárúcháin mar mhúinteoirí leis an gComhairle a mheas. Déantar é seo agus aird á tabhairt ar na treoirlínte atá faofa ag an gComhairle, agus atá ar fáil le híoslódáil ó láithreán gréasáin na Comhairle, www.oide.ie.

Nuair a bhíonn sé mar chinneadh ag an bPainéal go bhfágann fianaise carachtair iarratasóra é/í mí-oiriúnach don chlárúchán, cuirfidh an Painéal ar fáil a chinneadh, na fáthannna leis an gcinneadh, agus na bealaí chun cinn atá ann don iarratasóir ag an bpointe sin. Ullmhaíonn an Painéal tuairisc ansin le cur faoi bhráid an Choiste Clárúcháin.

**Don bhliain suas go 27 Márta 2009, bhí 6 ball ar an bPainéal ar Fhianaise Carachtair mar seo a leanas**

- Eleanor Petrie (Cathaoirleach)
- Tommy Glynn
- Susie Hall
- Maree O'Connell
- Kieran O'Driscoll
- Milo Walsh

## PAINÉAL NA nIARRATAS BUNSCOILE

Déanann an painéal seo athbhreithniú ar na moltaí ón bhfoireann agus/nó ó na meastóirí seachtracha maidir le hoiriúnacht don chlárúchán, cáilíochtaí na n-iarratasóirí in earnáil na bunscoile. Tuairiscíonn sé don Choiste Clárúcháin.

**Don bhliain suas go 27 Márta 2009, bhí 6 ball ar Phainéal na nIarratas Bunscoile mar seo a leanas**

- Seán Rowley (Cathaoirelach)
- Oll. Peadar Cremin
- Emer Egan
- Justin MacCarthy
- Msgr Dan O'Connor
- Micheál Ó Gríofa

## PAINÉAL NA nIARRATAS IAR-BHUNSCOILE

Déanann an painéal seo athbhreithniú ar na moltaí ón bhfoireann agus/nó ó na meastóirí seachtracha maidir le hoiriúnacht don chlárúchán, ag cáilíochtaí na n-iarratasóirí in earnáil na hiar-bhunscoile. Tuairiscíonn sé don Choiste Clárúcháin.

**Don bhliain suas go 27 Márta 2009, bhí 9 ball ar Phainéal na nIarratas Iar-bhunscoile mar seo a leanas**

- Pat McQuaile (Cathaoirleach)
- Oll. Sheelagh Drudy
- Derek Dunne (éirthe as Eanair 09)
- Dr Jim Gleeson
- Jack Keane
- Máire Ní Laoire
- George O'Callaghan
- Tomás Ó Cruadhlaoich
- Kieran O'Driscoll
- Tim O'Meara (ceaptha Feabhra 09)

## GRÚPA OIBRE AR NÓSANNA IMEACHTA

Bunaíodh Grúpa na Nósanna Imeachta, a thuairiscíonn don Choiste Feidhmiúcháin, chun cuidiú leis an gComhairle a cuspóirí don rialachas corparáideach a bhaint amach trí, mar shampla, Cód ar Nósanna Imeachta na Comhairle a dhréachtadh. Tugadh an cúram don ghrúpa freisin maidir leis na rialúcháin toghchánaíochta a dhréachtadh mar réamh-ullmhúchán do thoghcháin na múinteoirí, atá ina mbaill, ar an gComhairle nua i mí Márta 2009.

**Don bhliain suas go 27 Márta 2009, bhí 4 ball ar Ghrúpa na Nósanna Imeachta mar seo a leanas**

- Mícheál Ó Gríofa (Cathaoirleach)
- Pat McQuaile
- Bernadine O'Sullivan
- Brendan O'Dea (Leas-Stiúrthóir)

## GRÚPA OIBRE NA GAEILGE

Bunaíodh Grúpa Oibre na Gaeilge, a thuairiscíonn don Choiste Feidhmiúcháin, chun aird a thabhairt ar ghnóthaí a bhaineann le riachtanas na Gaeilge do bhunmhúinteoirí a cháiligh lasmuigh d'Éirinn.

**Don bhliain suas go 27 Márta 2009, bhí 5 ball ar Ghrúpa na Gaeilge mar seo a leanas**

- Tomás Ó Cruadhlaoich (Cathaoirleach)
- Máire Ní Laoire
- Eileen Ward
- Joan Ward
- Áine Lawlor (Stiúrthóir)

## Aguisín 3

Struchtúr Bainistíochta na Comhairle - mar a bhí ar 28 Márta 2009

**COMHAIRLE**

**Áine Lawlor**
**STIÚRTHÓIR**

**Brendan O'Dea**
**LEAS-STIÚRTHÓIR**

**OIFIGEACH CUMARSÁIDE AGUS OIDEACHAIS**
**Carmel Kearns**

**OIFIGEACH CLÁRÚCHÁIN**
**Colm O'Leary**

**OIFIGEACH CLÁRÚCHÁIN CHÚNTA**
**Declan O'Leary**

**CEANN AIRGEADAIS**
**Harry McGeary**

# Aguisín 4

## Ráitis Airgeadais Iniúchta

| | |
|---|---|
| **Iniúchóirí** | Anne Brady McQuillans DFK<br>Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe<br>Cúirt Iveagh<br>Bóthar Harcourt<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Seoladh Gnó** | Bloc A<br>Campas Gnó Mhaigh Nuad<br>Maigh Nuad<br>Co Chill Dara<br>Éire |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>Príomhshráid<br>Maigh Nuad<br>Co Chill Dara<br><br>Banc AIB plc<br>Príomhshráid<br>Maigh Nuad<br>Co Chill Dara |
| **Dlíodóirí** | McDowell Purcell Partnership Solicitors<br>Foirgneamh Capel<br>Mainistir Mhuire<br>Baile Átha Cliath 7<br><br>Arthur Cox<br>Dlíodóirí<br>Lárionad  Earlsfort<br>Ardán Earlsfort<br>Baile Átha Cliath 2 |

# CLÁR

Tuairisc na Comhairle ........................................................................35

Ráiteas ar Dhualgais na Comhairle ........................................................................36

Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha........................................................................37 - 38

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais ........................................................................39

Clár Comhardaithe ........................................................................40

Ráiteas Sreabhadh Airgid ........................................................................41

Nótaí do na Ráitis Airgeadais ........................................................................42 - 48

# TUAIRISC NA COMHAIRLE
## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

Cuireann an Chomhairle a tuairisc i láthair mar aon le ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008. Bunaíodh An Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil ar an 28 Márta 2006 de réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

### Príomhghnó

Is é príomhghnó na Comhairle Mhúinteoireachta ná an mhúinteoireacht mar ghairm, ag leibhéil na bunscoile agus na hiar-bhunscoile a chur chun cinn, forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn, agus caighdeáin a rialú i ngairm na múinteoireachta.

### Torthaí

Is é an barrachas a bhí ann don tréimhse tar éis dímheas agus cánachas ná €1,855,349 (2007: €234,398)

### Leabhair Chuntais

Tá sé dlite faoi Roinn 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001, go bhfuil an Chomhairle freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a léiríonn go sách cruinn ag am ar bith conas mar atá cuntais airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus dá réir sin as na céimeanna cuí a ghlacadh chun calaoisí nó mírialtachtaí eile a sheachaint. Coimeádtar leabhair chuntais na Comhairle Mhúinteoireachta ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara.

### Iniúchóirí

Tá curtha in iúl ag na hIniúchóirí, Anne Brady McQuillans DFK, go bhfuil siad sásta leanúint ar aghaidh in oifig.

### Imeachtaí i ndiaidh dáta an Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon chúinsí ná imeachtaí i ndiaidh deireadh na bliana a éilíonn ceartú nó nochtadh sna ráitis chuntais, nó sna nótaí a ghabhann leo.

Ar son na Comhairle

**Patrick McQuaile**
*Cathaoirleach*
**Dáta: 22 Meitheamh 2009**

**Áine Lawlor**
*Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir*

# RÁITEAS I LEITH FREAGRACHTAÍ NA COMHAIRLE DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá an Chomhairle freagrach as an Tuairisc Bhlaintiúil agus as na Ráitis Airgeadais a ullmhú mar atá dlite agus cuí de réir dlí na hÉireann, ar a áirítear Acht 18 um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir Ghnáthchleachtais Chuntasaíochta in Éirinn, ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta a eisíonn Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus mar atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilíonn dlí na hÉireann ar a áirítear Alt 18(2) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, go n-ullmhódh an Chomhairle ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais agus go ndéanfaí cur síos cothrom agus fíor iontu do ghnóthaí na heagraíochta don tréimhse sin.

Tá sé mar dhualgas ar an gComhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu go ndéanfaí:

- polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta ansin
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- cuntais airgeadais a ullmhú mar ghnóthas leantach ach amháin dá mbeadh sé míchuí a cheapadh go leanfadh an eagraíocht leis an ngnó.

Dearbhaíonn an Chomhairle gur chloígh siad leis na riachtanais thuasluaite nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá freagracht ar an gComhairle leabhair chearta chuntasaíochta a choimeád a léiríonn go sách cruinn ag am ar bith staid airgeadais na heagraíochta agus a chuireann ar a cumas a dheimhniú go ndéantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gcleachtas cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus de réir dlí reachtúil na hÉireann ar a áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus dá réir sin as na céimeanna is gá a ghlacadh chun calaoisí mó mírialtachtaí eile a sheachaint.

Tá an Chomhairle freagrach as cothabháil agus sláine an ghréasáin idirlín. D'fhéadfadh go mbeadh reachtaíocht na hÉireann maidir le dáileadh ráiteas airgeadais éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Ar son na Comhairle

**Patrick McQuaile**
*Cathaoirleach*
**Dáta: 22 Meitheamh 2009**

**Áine Lawlor**
*Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir*

# TUAIRISC NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO BHAILL NA COMHAIRLE MÚINTEOIREACHTA

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 ar a áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí ábhartha. Rinneadh na ráitis airgeadais seo a ullmhú de réir coinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir na bpolasaithe cuntasaíochta a bhaineann leis sin.

## Freagrachtaí ar leithligh na Comhairle agus na nIniúchóirí

Tá freagrachtaí na Comhairle maidir le tuairisc agus ráitis airgeadais á gcur ar fáil de réir dlí na hÉireann ar a áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta Airgeadais agus atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Gnáthchleachtas Cuntasaíochta in Éirinn) leagtha síos sa Ráiteas ar Dhualgais na Comhairle.

Is é an dualgas atá orainne ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar a éilíonn ceanglas dlithiúil agus rialála na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (an Bhreatain agus Éire).

Tuairiscímid ár dtuairim maidir le fírinne agus cothromaíocht na ráiteas airgeadais, do bhaill na Comhairle, mar ghrúpa, de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 san áireamh. Thugamar faoinár gcuid oibre iniúchta ionas go mbeadh ar ár gcumas ráiteas a dhéanamh le Baill na Comhairle faoi na rudaí a bhfuil dualgas orainn ráiteas a dhéanamh fúthu i dtuairisc iniúchóirí agus d'fhonn sin amháin. Chomh fada agus is féidir, de réir a bhfuil ceadaithe ag an dlí, ní ghlacaimid le nó ní ghabhaimid freagracht i leith éinne eile seachas an eagraíocht agus Baill na Comhairle mar ghrúpa, as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuairisc seo nó as an tuairim atá againn faoi.

Dearbhaímid daoibh gurb é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom de réir Gnáthchleachtais Chuntasaíochta in Éirinn agus gur ullmhaíodh iad de réir riachtanas dlí na hÉireann ar a áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Dearbhaímid daoibh freisin gurb é ár dtuairim gur choimeád an eagraíocht leabhair chuí chuntas, agus go raibh an t-eolas a tugadh i dTuairisc na Comhairle ag teacht leis na ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin léirímid, má tá an t-eolas uile faighte againn agus na míniúcháin is gá dar linn don iniúchadh a rinneamar, agus pé acu atá na leabhair ag réiteach leis na leabhair chuntais.

Tá tuairisc na Comhairle léite againn agus táimid san airdeall faoi na himpleachtaí má chuirtear ar na súile dúinn go bhfuil aon mhíchruinneas suntasach inti.

## Bunús Dhearcadh an Iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (an Bhreatain agus Éire) atá eisithe ag an mBord um Chleachtais Iniúchta. Mar chuid den iniúchadh bíonn scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhíonn bainteach leis na méideanna agus an nochtadh a tugadh sna ráitis airgeadais. Áirítear freisin measúnú ar na meastacháin agus ar na breithiúnais shuntasacha a rinne an Chomhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, agus féachaint an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na heagraíochta, mar aon le n-iad a bheith curtha i gcrích go seasta agus dóthain léirithe tugtha orthu.

Rinneamar pleanáil agus cur i gcrích ar ár n-iniúchadh ar bhealach go bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin a shíleamar a bhí riachtanach ionas go mbeadh dóthain fianaise againn le bheith muiníneach go

# TUAIRISC NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO BHAILL NA COMHAIRLE MÚINTEOIREACHTA

leor go raibh na ráitis airgeadais saor ó ráitis mhíchruinn ábhartha, pé acu go calaoiseach, trí mhírialtacht nó trí bhotún. Agus ár dtuairim á cur le chéile againn, rinneamar meastóireacht freisin ar shástacht iomlán leibhéal an eolais a cuireadh ar fáil sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais:

- dearcadh fíor agus cothrom, de réir Gnáthchleachtais Chuntasaíochta in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Comhairle ar an 31 Nollaig 2008 agus ar a cuid torthaí do dheireadh na bliana agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir riachtanas dlí na hÉireann agus Alt 18 den Alt um Chomhairle Múinteoireachta, 2001 san áireamh.

Tá an t-eolas go léir agus na míniúcháin go léir againn a shílimid a bheith riachtanach do ghnóthaí an iniúchta. Is é ár dtuairim gur choimeád an eagraíocht leabhair chuntais chearta. Tá na ráitis airgeadais ag réiteach leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas i dtuairisc na Comhairle ag teacht leis na ráitis airgeadais.

**Anne Brady McQuillans DFK**
**Cuntasóirí Cairte & Iniúchóirí Cláraithe**
**Cúirt Iveagh**
**Bóthar Earchair**
**Baile Átha Cliath 2**
**Dáta: 22 Meitheamh 2009**

# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008**

| | | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | **Nótaí** | | |
| An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | | 762,332 | 3,014,826 |
| Táillí Clárúcháin agus Measúnaithe | | 5,274,879 | 248,866 |
| Táillí Iarratais | | 10,000 | 1,181 |
| Ioncam Eile | | 2,016 | 16,957 |
| **Iomlán an Ioncaim** | **2** | 6,049,227 | 3,281,830 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Chóiríochta | | (256,603) | (199,204) |
| Costais Foirne | | (2,105,651) | (1,461,198) |
| Costais Eile Riaracháin | | (619,696) | (248,773) |
| Costais Chúrsaí, Comhdhálacha agus Cruinnithe | | (170,808) | (201,002) |
| Gníomhaíochtaí Clárúcháin agus Fíorúcháin | | (349,096) | (313,669) |
| Costais Theicneolaíocht an Eolais | | (165,402) | (81,893) |
| Gníomhaíochtaí Cumarsáide agus Oideachais | | (494,410) | (499,080) |
| Dímheas | **7** | (70,946) | (42,613) |
| **Iomlán an Chaiteachais** | | (4,232,612) | (3,047,432) |
| Ús gnóthaithe agus ioncam den chineál céanna | | 39,229 | - |
| **Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí roimh chain** | **3** | 1,855,844 | 234,398 |
| Cáin | **6** | (495) | - |
| **Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí i ndiaidh cánach** | | 1,855,349 | 234,398 |

Níl aon ghnóthachain ná cailliúintí aitheanta don tréimhse seachas an toradh airgeadais thuasluaite. D'eascair an toradh don tréimhse go hiomlán ó na hoibriúcháin leantacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais sin na nótaí ar leathanaigh 42 go 48.

Thug an Chomhairle faomhadh do na ráitis airgeadais seo ar an 22 Meitheamh 2009 agus síníodh iad ar a son ag:

**Patrick McQuaile**
*Cathaoirleach*

**Áine Lawlor**
*Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir*

**Dáta: 22 Meitheamh 2009**

# CLÁR COMHARDAITHE
## ag 31 Nollaig 2008

| | Nótaí | 2008 € | 2008 € | 2007 € | 2007 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Bunsócmhainní** | | | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 7 | | 352,138 | | 314,952 |
| Infheistíochtaí | 8 | | 34,395 | | 34,395 |
| | | | 386,533 | | 349,347 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Fiachóirí | 9 | 92 | | - | |
| Infheistíochtaí | 10 | 1,807,978 | | - | |
| Airgead ar láimh sa bhanc | | 624,437 | | 459,221 | |
| | | 2,432,507 | | 459,221 | |
| **Creidiúnaithe: Na méideanna a bheidh le híoc laistigh de bhliain amháin** | 11 | (696,395) | | (541,272) | |
| **Glansócmhainní Reatha/Dliteanais** | | | 1,736,112 | | (82,051) |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha** | | | 2,122,645 | | 267,296 |
| **Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste Ainmnithe | 12 | | 300,000 | | - |
| Cúlchistí Ginearálta | 12 | | 1,822,645 | | 267,296 |
| **Iomlán na gCistí** | | | 2,122,645 | | 267,296 |

Is cuid de na ráitis airgeadais sin na nótaí ar leathanaigh 42 go 48.

Thug an Chomhairle faomhadh do na ráitis airgeadais seo ar an 22 Meitheamh 2009 agus síníodh iad ar a son ag:

**Patrick McQuaile**
*Cathaoirleach*
**Dáta: 22 Meitheamh 2009**

**Áine Lawlor**
*Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir*

# RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID
## don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2008

| | Nótaí | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|---|
| **Imréiteach ar bharrachas oibriúcháin go sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas oibriúchain | | 1,816,615 | 234,398 |
| Dímheas | | 70,946 | 42,613 |
| (Méadú) / laghdú na bhfiachóirí | | (92) | - |
| Méadú na gcreidiúnaithe | | 154,812 | 319,344 |
| **Glanshreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 2,042,281 | 596,355 |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | | |
| Glanshreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 2,042,281 | 596,355 |
| Brabús ar infheistíochtaí agus seirbhís a dhéanamh ar Airgeadas | 15 | 39,229 | - |
| Cáin | 15 | (184) | - |
| Caiteachas Caipitil | 15 | (108,132) | (149,180) |
| | | 1,973,194 | 447,175 |
| **Bainistiú ar shócmhainní** | 15 | (1,807,978) | - |
| **Méadú ar airgead tirim sa bhliain** | | 165,216 | 447,175 |

| **Imréiteach ar insreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí (Nóta 16)** | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Méadú ar an airgead tirim sa bhliain | 165,216 | 447,175 |
| Eis-sreabhadh airgid de bharr méadú ar acmhainní leachtacha | 1,807,978 | - |
| Athrú i nglanchistí mar gheall ar shreabhadh airgid thirim | 1,973,194 | 447,175 |
| Airgead glan ag 1 Eanáir 2008 | 459,221 | 12,046 |
| **Airgead glan ag 31 Nollaig 2008** | 2,432,415 | 459,221 |

# NÓTAÍ FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS
**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008**

## 1. Polasaithe Cuntasaíochta

### 1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir gnáthphrionsabail na cuntasaíochta inghlactha leo in Éirinn agus de réir dlí na hÉireann. Caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glactha leo go ginearálta in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú, ag tabhairt dearcadh fíor agus cothrom faoi mar atá fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, agus eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta Airgeadais.

### 1.2. Ioncam

Is ionann ioncam agus an t-airgead a fuarthas ón Roinn Oideachas agus Eolaíochta mar aon leis an ioncam ó tháillí clárúcháin agus measúnaithe a fuarthas le linn na bliana. Déantar an t-ioncam/na táillí uile a fuarthas a chuntas ar bhonn admhálacha.

### 1.3. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Déantar ráiteas faoi na sócmhainní seasta inláimhsithe faoi choinbinsiún an chostais stairiúil lúide dímheas carntha.

Déantar dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe uile a sholáthar ag rátaí a dhéanann an costas a chealú lúide luach iarmharach gach sócmhainn ar an bhfad saoil úsáideach a mbeifí ag súil leis, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Daingneáin, Feistithe agus Trealamh | - | 10% líne dhíreach |
| Trealamh Ríomhaireachta | - | 25% líne dhíreach |
| Bogearraí Ríomhaireachta | - | 10% líne dhíreach |

Déantar dímheas leantach ar na sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú go bliantúil féachaint an bhfuil aon lagú i dtréimhsí dá léireodh tarlaithe nó athraithe i gcúinsí nach bhfuil aon teacht aniar sa luacháil iasachta.

### 1.4. Infheistíochtaí

Déantar ráiteas faoi infheistíochtaí na mbunsócmhainní mar atá, lúide soláthar do chaillteanas ina luach. Tugtar aitheantas sa chuntas caiteachais, d'ioncam ó infheistíochtaí bunsócmhainní mar aon le cáin shiarchoinneálach sa bhliain inar gnóthaíodh é.

### 1.5. Pinsin

Éilítear íocaíochtaí don scéim pinsean ón gcuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse lena mbaineann siad. Tá dréachtscéimeanna pinsean na Comhairle curtha faoi bhráid na Roinne Airgeadais i gcomhair a faofa.

# NÓTAÍ FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS
**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008**

## 1.6. Cáin agus Cáin Iarchurtha

Bunaítear an costas bliantúil cánach ar ioncam éighníomhach na bliana agus ríomhtar é ag tagairt don ráta cánach a dhlitear ar an gclár comhardaithe. Ríomhtar cáin iarchurtha ar na difríochtaí idir barrachas inchánach na Comhairle agus na torthaí mar atá siad leagtha sna ráitis airgeadais, a thagann aníos de bharr iniamh barrachais agus easnaimh i measúnú cánach i dtréimhsí atá difriúil uathu siúd atá aitheanta sna ráitis airgeadais. Aithnítear éifeacht iomlán na cánach iarchurtha sna difríochtaí idir suimeanna íoctha agus curtha in aghaidh an chuntais ioncaim agus caiteachais i leith pinsean agus sochair eile iarscoir. Nuair atáthar ag ríomh méid na cánach iarchurtha úsáidtear lascainiú.

## 1.7. Cúlchistí Ainmnithe

Tá rún diongbháilte ag an gComhairle gur féidir leo suimeanna airgid gan teorainn a chur ar leataobh i gcomhair cúiseanna ainmnithe sa todhchaí, mar is rogha leo. Nuair nach bhfuil gá leis na suimeanna sin don chúis a bhí i gceist, scaoilfear iad ar ais sa Chúlchiste Ginearálta.

## 2. Ioncam

Tá ioncam na heagraíochta don bhliain faighte ón bpríomhghníomhaíocht acu a tharlaíonn go hiomlán in Éirinn.

## 3. Barrachas Oibriúcháin

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Tá an Barrachas Oibriúcháin luaite tar éis costais: | | |
| Dímheas | 70,946 | 42,613 |
| Luach Saothair na nIniúchóirí | 7,500 | 6,754 |

## 4. Fostaithe

| | 2008 Uimhir | 2007 Uimhir |
|---|---|---|
| **Uimhir na bhFostaithe** | | |
| Ba é meánuimhir na bhfostaithe le linn na bliana: | | |
| Oifig agus bainistíocht | 41 | 25 |

| **Costais Fostaíochta** | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 1,594,524 | 1,058,113 |
| Costais slándála sóisialaí | 127,037 | 76,311 |
| Costais earcaíochta | 5,036 | 67,877 |
| Costais eile pinsean | 337,543 | 239,372 |
| Costais eile párolla | 41,511 | 19,525 |
| | 2,105,651 | 1,461,198 |

# NÓTAÍ FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

### 5. Costais Pinsean

Tá dréachtscéimeanna pinsean na Comhairle curtha faoi bhráid na Roinne Airgeadais i gcomhair faofa. Is ionann costas an phinsin agus síntiúis a íoctar don chiste ar son na Comhairle don mhéid: €337,543 (2007: €239,372).

### 6. Cáin

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| **Cáin don Bhliain Reatha** | | |
| Cáin ioncaim | 403 | - |
| **Blianta roimhe seo** | | |
| Cáin ioncaim | 92 | - |
| | 495 | - |

Tá díolmhaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta ó Cháin Ioncaim maidir lena cuid gníomhaíochtaí. Tá dualgas cánach i gceist le hioncam éighníomhach, más ann dó (ar nós ús ar Thaiscí).

### 7. Bunsócmhainní

| | Daingneáin & Feistithe € | Bogearraí Ríomhaireachta € | Trealamh Ríomhaireachta € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2008 | 82,805 | 126,355 | 161,952 | 371,112 |
| Aguisíní | 48,485 | 44,509 | 15,138 | 108,132 |
| Ag 31 Nollaig 2008 | 131,290 | 170,864 | 177,090 | 479,244 |
| **Dímheas** | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2008 | 6,952 | 8,723 | 40,485 | 56,160 |
| Costas don bhliain | 11,157 | 16,328 | 43,461 | 70,946 |
| Ag 31 Nollaig 2008 | 18,109 | 25,051 | 83,946 | 127,106 |
| **Glanluach leabhar** | | | | |
| Ag 31 Nollaig 2008 | 113,181 | 145,813 | 93,144 | 352,138 |
| Ag 31 Nollaig 2007 | 75,853 | 117,632 | 121,467 | 314,952 |

# NÓTAÍ FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS
## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

### 8. Infheistíochtaí

| | Bannaí Rialtais € | Iomlán € |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| Ag 1 Eanáir 2008 | 34,395 | 34,395 |
| Ag 31 Nollaig 2008 | 34,395 | 34,395 |
| **Foráil maidir le dímheas luacha:** | | |
| Ag 1 Eanáir 2008 | - | - |
| Gluaiseacht | - | - |
| Ag 31 Nollaig 2008 | - | - |
| **Glanluach leabhar** | | |
| Ag 31 Nollaig 2008 | 34,395 | 34,395 |

Ar na hinfheistíochtaí tá bannaí agus stoc Rialtais, a bhfuil luach margaidh níos airde orthu ná an luach a léirítear thuas.

### 9. Fiachóirí

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Fiachóirí Eile | 92 | - |

### 10. Infheistíochtaí Sócmhainní Reatha

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Bannaí Infheistíochta | 1,807,978 | - |

Tá na Bannaí Infheistíochta gaolmhar le Bannaí Oll-Infheistíochta seasta trí mhí atá i dtaisce ag an gCumann Foirgníochta ICS.

# NÓTAÍ FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS
## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

### 11. Creidiúnaithe: Méid a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála | - | 22,847 |
| Cáin Ioncaim | 311 | - |
| Cánacha eile agus costais slándála sóisialaí | 2,948 | 1,879 |
| Creidiúnaithe eile | 592,200 | 254,057 |
| Fabhraithe | 100,936 | 262,489 |
| | 696,395 | 541,272 |

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| San áireamh le cánacha eile agus costais eile slándála sóisialaí: | | |
| CBL | 2,948 | - |
| ÍMAT | - | 1,879 |

### 12. Cúlchistí

| | Ginearálta cúlchiste € | Ainmnithe cúlchiste € | Iomlán € |
|---|---|---|---|
| **Cúlchistí Tosaigh** | 267,296 | - | 267,296 |
| Barrachas don bhliain | 1,855,349 | - | 1,855,349 |
| Gluaiseachtaí eile | (300,000) | 300,000 | - |
| **Cúlchistí Deiridh** | 1,822,645 | 300,000 | 2,122,645 |

De réir straitéis airgeadais na Comhairle, bunaíodh na cúlchistí ainmnithe mar chiste teagmhais chun aon chostas mór a d'fhéadfadh a theacht ó dhúshlán dlíthiúil d'aon chuid d'Acht na Comhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus ó Rialú na Comhairle. De réir polasaí cuntasaíochta na Comhairle san áit nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo scaoilfear ar ais sa Chúlchiste Ainmnithe iad.

# NÓTAÍ FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS
## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

### 13. Geallúintí Caipitil

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| Tá sonraí na nGeallúintí Caipitil ar dháta na cuntasaíochta mar seo a leanas: | | |
| Ceadaithe ach gan a bheith foráilte sna ráitis airgeadais | 17,000 | - |

Thug an Chomhairle faomhadh do cheannach ardaitheoir seirbhíse i mbuiséad na bliana 2009.

### 14. Páirtithe Rialúcháin

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta rialaithe ag Baill na Comhairle. Is é an tAire Oideachais agus Eolaíochta an páirtí rialaithe rialúcháin.

### 15. Oll-shreabhadh Airgid

| | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|
| **Torthaí ar Infheistíochtaí agus Seirbhís ar Airgeadas** | | |
| Ús gnóthaithe | 39,229 | - |
| **Cáin** | | |
| Cáin Ioncaim íoctha | (184) | - |
| **Caiteachas Caipitil** | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a fháil | (108,132) | (149,180) |
| **Bainistíocht na nAcmhainní Leachtacha** | | |
| Íocaíochtaí chun infheistíochtaí gearr-théarmacha a fháil | (1,807,978) | - |

# NÓTAÍ FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS
## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

### 16. Anailís ar Athruithe na nGlanchistí

| | Iarmhéid tosaigh € | Sreabhadh airgid thirim € | Iarmhéid deiridh € |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 459,221 | 165,216 | 624,437 |
| Acmhainní leachtacha | - | 1,807,978 | 1,807,978 |
| Glanchistí | 459,221 | 1,973,194 | 2,432,415 |

### 17. Faomhadh do na Ráitis Airgeadais

Thug an Chomhairle faomhadh do na ráitis airgeadais seo ar an 22 Meitheamh 2009 agus síníodh iad ar a son ag:

**Patrick McQuaile**
*Cathaoirleach*
**Dáta: 22 Meitheamh 2009**

**Áine Lawlor**
*Príomhfheidhmeannach / Stiúrthóir*

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council